
# LÁMH CHÚNTA Ó AIB.



Téann díograis agus comhoibriú le chéile chun comhleas pobail a chothú. Glacann AIB go-hiomlán leis seo agus táimid toilteanach ár gcion a dhéanamh i do phobal.

Mar cheann de phríomh institiúid airgeadais na hÉireann, tuigimid an tábhacht atá le cabhrú le daoine chun na cuspóirí atá acu a chomhlíonadh agus chun na cuspóirí seo a thabhairt chun críche tá raon cuimsitheach de sheirbhísí agus de tháirgí á chur ar fáil againn. Mar teastaíonn lámh chúnta ó gach duine ó am go ham.

AIB Banc

*Gineann tú an bhuaic ionainn*




# Irisleabhar Chomórtha Céad Bliain ó tógadh Séipéal Mhic Dara

## 1893-1993




£2

# Óstán an Dóilín



***An Cheathrú Rua***
*091-95169*




**Sa Dóilín a chuirfear deire le comóradh an tSéipéil.**

• • • • • • •

**Is cuma cén ocáid í, tabharfaidh Josie aire dhuit.**

***Tá an Dá Dhóilín ann.***

COGASLANN AGUS BLÁTHLANN

# Agatha Uí Mhistéil Teo.

**An Cheathrú Rua.**
**Fón: 091-95154/95168 Facs: 091-95154**

*Comhghairdeachas le Irisleabhar Shéipéal Mhic Dara, An Cheathrú Rua*
*ó Agatha, Tony agus an chlann*

* leigheas * cosmetics * leigheas ainmithe

## Fotagrafaíocht -

fotagraphaí passport & ceadúnas tiomána in aon nóiméad amháin
ceamaraí, scannáin, bionoculars

## Seodra -

uaireadóirí, fáinní claddagh
bróistí, fáinní cluaise, cloganna (clocks), framaí pictiúir

## Bláthanna -

bláthanna cóiriúcháin, bláthanna úr nó síoda, bláthfhleascanna, potaí, vásanna. potaí cré bhruite, ceimicí garradóireachta.
Is féidir Bouquets, cóireacháin nó bláthfhleascanna a sheachadha (delivered) Bronntanaí baiste nó bainise.

## Earraí cráifeach -

páidiríní, leabhra, pictiúrí, deilbh, srl.

Déan teagmháil linn nó glaoigh isteach

**Míle Fáilte**

# COLÁISTE CHOLUMBA


**An Cheathrú Rua**

*Cúrsaí Samhraidh Bliantiúil*

Gach eolas ach glaoch ar Rúnaí an Choláiste

**Teil: 091-95184/95170/95064**

*Go n-éirí go breá le comóradh an tSéipéil*




## Síntúisí

1. An Grúpa Ceoil DUIRLING
2. Seosamh agus Máire Ó Giobúin, Camus.



# Raidió na Gaeltachta

As ***Teach Pobail Mhic Dara*** ar an gCeathrú Rua a craoladh an chéad aifreann riamh ar Raidió na Gaeltachta, maidin Domhnach Cásca 1972.

Cúis mórtais dúinn a bheith anseo arís inniu, go tréan láidir, don Chomóradh 100 Bliain atá pobal na Ceathrún Rua a dhéanamh ar thógáil ***Theach Pobail Mhic Dara*** 100 bliain ó shin.

## TOMÁS BREATHNACH TEO.

**An Cheathrú Rua**
**Fón: 091-95234**

*Grósaer Ginearálta agus Búistéar*

*Calor Gas*

*Gach Cineál Earra ar fáil*

*Leabharlann Video oscailte gach lá*

POBAL AR AIRE — COMMUNITY ALERT

Cúram don Phobal
idir Sean agus Óg
Sin í ár n-aidhm
d'oíche is do ló.

**Stáisiún Gárdaí na Ceathrún Rua 091-95102**
**Stáisiún Gárdaí Uachtar Árd 091-82202**

An Scéim cláraithe mar Scéim Náisiúnta le Rannóg Um Caidreamh Poiblí, An Gárda Síochána, Faiche Fearchair, Baile Átha Cliath 2.






*Bígí Linn*

*i*

# Halla Éinne

An Cheathrú Rua

*Damhsaí - Disco's agus go leor imeachtaí eile ar feadh na bliana uilig*

Busanna as Leitir Mealláin, Cárna agus An Spidéal.

## An Biúró Gnó

Treasa Dundass, Coill Sáile, Cill Chiaráin, Conamara
Teil. & Fax: 095 33457

*Leabhar Choiméad • VAT • PAYE • Bainistíocht Sonraí*
*Clóscríobh • Próiseáil Focal • CV's • Téis, srl*
*Fótachóipeáil • Seirbhís Facs • Comhfhreagras*

# SIOPA NEANSAÍ

**Bóthar a Chillín**

*Gach rath ar Chomóradh Céad Bliain Theach Pobail Mhic Dara.*

Neansaí Ní Dhómhnaill

**091-95024**



# Máirtín Óg Mac Donnacha Teo.

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-95001

**Forbairt Suíomhanna • Clocha • Gaineamh • Graibhéal**

**Lorraithe, Excavators agus Rockbreaker ar chíos nó ar chonradh**




## Clár an Irisleabhair.


**An t-Eagarfhocal** ........ 8

**An tAthair Uaitéar Mac Conbhuí** *leis an Athair Iarfhlaith de Bháldraithe* ........ 9

**Beagán Eolais** *le Dónall Ó Colchúin* ........ 26

**Sagairt as an gceantar** *le Dónall Ó Colchúin* ........ 27

**Áit-Ainmneacha sa gCeathrú Rua** *le Pádhraic Ó Conaire* ........ 28

**Pictiúirí** ........ 30

**Sagairt Pharáiste an Chillín agus Gharumna agus Séiplínigh an Chillín** ........ 37

**Séiplínigh Gharumna** ........ 38

**Teampall Inis Mhic Ádhaimh** *le P. Ó Conaire* ........ 39

**An t-Athair Mac Aodha, An t-Athair Ó Móráin** ........ 41

**An t-Athair Ó Diaghaidh agus An t-Athair Ó Conceanainn** *le Dónall Ó Colchúin* ........ 42

**Litir Fr. Cullen 1864** ........ 43

**Pictiúirí** ........ 44

**An tAthair Marcus Ó Conaire** *le Pádhraic Ó Conaire* ........ 51

**Litir ó Thomás de Paor** ........ 52


---


Tá an Coiste fíor-bhuíoch do chuile dhuine a bhfuil fógraí acu san irisleabhar seo, do gach duine a thug pictiúir agus grianghrafanna le foilsiú, agus dóibh siúd a chur alt nó eolas ar fáil. Gan iad ní bheadh a leithéid ann.
Thug an Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta cúnamh airgid lena fhoilsiú.

An tEagarthóir: Dónall Ó Colchúin

Na Fo-eagarthóirí: Pádhraic Ó Conaire
Seán Ó Conghaile
Máirtín Ó Lainn, S.P.


Beidh Trí Lá urnaí ar an Déardaoin, an Aoine agus an Satharn 28-30ú Iúil 1994.

Déanfar an tAifreann a cheiliúradh ar an Domhnach 31ú Iúil ag 2.00 i.n.

Beidh dinnéar in Óstán an Dóilín ag 5.00 i.n. £10.00 an costas

# Focal ón Sagart Pobail Máirtín Ó Lainn

Táim im' shagart pobail i bParáiste an Chillín, Garumna agus Leitir Mealláin le naoi mbliana déag agus im' shéiplíneach ann ar feadh sé bliana roimhe sin. Is íonadh liom oiread daoine éirimiúla atá ann atá in ann rud ar bith a dhéanamh a theastaíonn uainn le slacht a chur ar an séipéal, ar an scoil agus ar chlós an tséipéil agus clós na scoile. Go rathaí Dia iad uilig! Ach bhí a leithéidí sin ar an gCeathrú Rua ariamh anall. Thuig an Sagart Uaitéar é sin agus é ag tóigeáil Theach Pobail nua san áit ós cionn céad bliain ó shin agus ní lú a thuig Maigh Eoch eile, An Sagart Aindriú Ó Móráin, é seacht mbliana agus caoga ina dhiaidh sin nuair a rinne sé séipéal mór den tséipéal beag a thóig an tAthair Uaitéar agus an pobal áitiúil gan íocaíocht ar bith na blianta roimhe sin.

I Státaí Aontaithe Mheiriocá a chruinnigh an bheirt acu an t-airgead lena dhéanamh ó mhuintir Mhaigh Eo agus Chonamara. 'Sé an t-Athair Godwin a rinne Fochla Lourdes taobh thoir den teach pobail agus a bhain anuas na ráillí comaoineach sa sanctóir agus a thug an altóir aniar ón mbinn théis na Cómhairle Vatacáine i 1965. Siad muintir na háite, arnú, a rinne an obair in aisce dhó. Níor luaigh mé na sagairt chúnta íontacha a bhí anseo agus thiar 'sna hoileáin fós. Sagart a mhúin an canadh Greagórach don chór a bhí anseo aige - an tAthair Seosamh Ó Coisdeala D.D.

B'é an t-Athair Seán Doiminic Ó Máille an sagart ba mhó a chabhraigh le pobal na n-Oileán lena linn. B'eisean a thosaigh iascach na siorcanna agus a rinne réiteach le lucht tionnscail na Sionainne postanna a sholáthar ann do bhuachaillí agus cailíní na n-oileán. Is iomaí sin sagart as Conamara a mba cheart dhóibh bheith ag guí dhó mar ní bheidís ina sagairt go deo maireach é - gan trácht ar oiread mná rialta atá in Éirinn agus i Sasana arbh eisean a chuir síol na gairme sin ina n-intinn. Árnú, b'eisean a bhunaigh An Misiún do mhuintir Chonamara i Huddersfield freisin, Grásta ó Dhia air!

An sagart a bhéas ag seanmóireacht don phobal ar ócáid cheileabhraidh an chéid, Mícheál Ó Flannabhra, Sagart Pobail Chnoc na n-Aille, chaith sé deich mbliana ina shagart cúnta ins na hOileáin ins na seascaidí agus choinnigh suas ár dteangmháil le n-ár ndeoraithe i Londain le cómhdháil leo a reachtáil i Willesden i 1970. Go rathaí Dia na sagairt mhaithe sin uilig agus go raibh a bpobail buíoch dhíobh!

Ó táim tagtha chuig ceann scríbe mar shagart pobail anois ba mhaith liom mar fhocal scoir buíochas ó chroí a ghabháil le chuile dhuine a chabhraigh liom féin ag coinneáil slacht ar an timpeallacht agus ag réiteach an leabhráin seo. Tá súil agam go mbeidh siad le moladh ag pé sagart pobail a bhéas ina chómharba orm, le cúnamh Dé!

Máirtín Ó Lainn S.P.



# An tAthair Uáitéar Mac Conbhuí.

*leis an Athair Iarfhlaith de Bhaldraithe*

Bhí teach a' phobail ar chiúineas na reilige. In ainneoin go raibh an séipéal pacáilte go doras is ar éigin a chloisfeá anáil á tarraingt. Iontas, uafás agus scanradh is mó a bhí ag cur as do na daoine. Bhí na mná go mór mór agus an seandream ar crith. Ba ghearr gur thosaigh cuid acu ag caoineadh. Níorbh fhada gur cloiseadh cineál monabhair - monabhar casaoide ag scaipeadh ar fud na h-áite. Tamall ina dhiaidh sin thosaigh corrdhuine - fir is mó - ag éirí ina seasamh agus ag siúl go dána amach an doras. Ba léir gur theastaigh uathu a chur in iúl go rabhadar mí-shásta leis an méid a tharla i dTeach Dé, leis an méid a dúradh ann os cómhair phobal Dé.

Achrann tobann, te, teasaí, gangaideach os cómhair an phobail seo i dTeach Dé idir an sagart paróiste agus an séiplíneach ba chúis leis an uafás agus an scranradh seo. Bhris sé amach gan choinne, chómh simplí, neamhurchóideach agus a chuala tú riamh. Seo mar a tharla:

Oíche Dé Domhnaigh a bhí ann, am éigin in Earrach na bliana 1919 agus bhí an pobal ina iomláine, idir óg agus aosta - an paróiste go léir, d'fhéadfá a rá, bailithe le haghaidh oíche dheireanach an mhisiúin. Nuair a bhí deireadh ráite ag na misinéirí, an Páidrín agus an Beannú thart, d'éirigh an sagart paróiste, an tAthair Uáitéar Mac Conbhuí, ina sheasamh le buíochas a ghlacadh leis an mbeirt Redemptorists a d'oibrigh chómh crua sin ar a son le coicís anuas. Mhol sé a ndúthracht, a gcneasacht, chómh foighdeach, tuisceanach agus a bhíodar. Agus ag trácht ar na seanmóirí a thug siad, mhol sé go h-éadmhar an ábaltacht mhíorúilteach a bhí acu le bheith chómh gonta sin, an multum in parvo sin ba chóir do gach sagart a ghlacadh. "Is mór an trua nach bhféadfadh muide, sagairt an pharóiste, a bheith mar sin agus gan a bheith ag rámhaillí ar aghaidh gan stop gan stad.

Ba leor sin. Do phreab an séiplíneach suas le luas lasrach, taghdach. Fear é seo a chaith seal san Astráil áit nár éirigh go ró-mhaith leis ann. Bhí sé cliste, léannta ach bhí sé craiceáilte. Bí ag caint ar Aifreann fada, breis agus uair a chloig i gcónaí. Bhí a chuid seanmóirí chómh fada, fadálach, casta sin go ndeachaigh daoine chuig an sagart paróiste ag casaoid. B'éigin don Athair Uáitéar bagairt air cúpla uair, agus d'fhág sin nuair a chuala mo dhuine "an boss" ag caint faoi ghontacht agus faoi ghiorracht na seanmóirí gur shíl sé gur ag magadh faoi fhéin a bhí sé agus ag tabhairt sunnc dó mar a déarfá.

Sea - d'éirigh sé as an áit ina raibh sé ina shuí istigh san sanctóir. Ár ndóigh d'ionsaigh sé an sagart paróiste go nimhneach agus ní faoi chúrsaí eaglasta amháin a bhí sé ag rámhaillí. Dúirt sé roinnt rudaí gránna faoin sagart. Labhair sé faoi thóir Watt ar mulieres valdae pulcherrimae i Laidin ach thuig roinnt daoine gur thagair sé go raibh spéis ag an sagart paróiste sna mná áille! B'shin é ba mhó a scanraigh na daoine. Baineadh an chaint díobh. Nuair a chuaigh sé ina luí i gceart orthu an masla gránna a tugadh go poiblí don sagart thosaigh cuid acu ag sleamhnú amach as an séipéal.

Ar feadh laethanta ina dhiaidh sin bhí an pobal ciúin ach bhí siad fós scanraithe. Chuala an tArdeaspag faoi, ar ndóigh. Tá sé ráite gur scríobh an séiplíneach litir fhada chasaoideach faoina chás. Go gairid ina dhiaidh sin tháinig an Canónach Seosamh Breathnach, a tháinig ina dhiaidh sa bpost, aniar go dtí Gleann a' Mhadaidh ag fiosrú an scéil.

I dteach an tsagairt féin a déanadh an scéal a scrúdú. Bhí Watt ar buile, tar éis a ndearna sé ar son na Fairche, go n-éistfeadh siad lena leithéid de sheafóid. Sa deireadh dúirt sé leo fanacht san áit ina rabhadar, go raibh sé féin ag dul chuig teach a' phobail.

Nuair a bheadh roinnt urnaithe agus smaoineadh déanta aige go dtiocfadh sé ar ais agus go dtabharfadh sé a fhreagra dóibh. Rinneadh sin. Taobh istigh de leathuair agus é ar ais sa teach dúirt sé leis an Ardeaspag go raibh sé ag tabhairt suas a pharóiste, 'ag retireáil ', mar a déarfá. Agus an mhaidin dar gcionn d'fhág sé an teach agus gan aige ach mála 'golf-sticks'. 'Golf-sticks', a dhiabhail! Arbh amhlaidh gur shagart é a raibh dúil mhillteach aige sa ngolf agus gan spéis aige in aon rud eile? Níorbh ea. Ní raibh sé ach cúpla bliain ó thóg sé suas é agus ní raibh mórán scile aige ann faoin am sin. Ach an samhradh sin tharla sé gur chaith sé cúpla lá i Musselbrough in Albain - áit a raibh golf-chúrsa ársa den scoth agus thaitnigh an áit chómh mór sin leis gur dhúirt sé leis na mná rialta sa gclochar in aice leis dá dtarlódh sé go mbeadh sé 'ag retireáil' am ar bith - drochsheans go mbeadh an t-am sin - gur ann ba mhaith leis cur faoi. Anois ba é Musselbrough an chéad áit ar chuimhnigh sé air agus ba ann a chuaigh sé. Níl a fhios agam fiú an ndeachaigh sé abhaile go Scárdán le hinseacht dóibh. Ní dóigh liom é.

Ní bheadh sé fágtha gan pingin ar ndóigh. Chaithfeadh an deoise allúntas bliantúil a thabhairt dó agus is mar sin a tharla. D'íoc an sagart paróiste nua, Tom Heaney, an pinsean dó as a phóca féin go dtí go bhfuair sé bás agus b'fhada uathu uilig é sin in ainneoin nárbh eol dóibh ag an am, ár ndóigh.

Bhí muintir an pharóiste buartha, trom-chroích nuair a chualadar go raibh sé imithe. Is maith a bhí a fhios acusan nach raibh focal fírinneach sa méid a dúirt an séiplíneach faoina mná áille agus ba mhar a chéile é ar fud na deoise. Bhí na sagairt ar buile leis an Ardeaspag. Is cuimhin liom go maith gur chuala mé agus mé an-óg go raibh cruinniú de shaghas éigin ar an Luan agus gur dhúirt seansagart omósach leis an Ardeaspag....."rinne tú drochobair i nGleann a' Mhadaidh inné."

Ach sula ngabhfaidh muid in éindí leis go Musselbrough, caithfimid dul siar go dtí tús a shaoil - go dtí laethanta a óige.

Rugadh Watt sa bhliain 1849, an seachtú gasúr do William Conway agus do Pheggy Burke i Scárdán Chlár Clainne Mhuiris i gContae Mhaigh Eo. Ní fada an t-aistear a thug William Conway nuair a bhuail spadhar a' phósta é.

Comharsa béal dorais leis ab ea Peggy Burke, iníon le Pat Burke ('Da' a tugtaí air) a raibh siopa agus 'bakery' aige i Scárdán. Daoine creidiúnacha, deisiúla ab ea na Burkes. Deirfiúr do Thomas Feeney, Easpag Chill Alla ab ea Celia Feeney, bean 'Da' agus máthair Pheggy.

Is cosúil gur thug an tEaspag, Pat Conway, an mac ba shine a bhí ag William agus ag Peggy, síos leis go dtí Béal an Átha é agus go ndeachaigh sé ar scoil ansin. Ar aon dóigh is go deoise Chill Alla a chuaigh an tAthair Pat nuair a h-ordnaíodh ina shagart é sa bhliain 1859 nuair a bhí Watt deich mbliana d'aois. D'fhan Father Pat sa deoise céanna agus rinneadh sagart paróiste Killfian dó áit a raibh sé ar an 3ú lá de Mhárta 1888 nuair a cailleadh é agus é in aois a chúig bliana agus leathchéad.

Maidir le 'siblings' Watt b'fhéidir gurbh fhiú a rá gur phós Celia - an chéad ghearrchaile - Peter Malone as Baile an Róba. Ní go ró-mhaith a d'éirigh leis an 'mbusiness' a bhí acu i mBaile an Róba agus le cabhair an tséiplínigh, an tAthair Uáitéar, thosaigh siad ag siopadóireacht ar an bhFáirche (Clonbur) agus is ansin a d'fhan siad. Phós an iníon ab óige a bhí acu, Margaret, an póilí Tom Finn - mac leo siúd ab ea an tAthair Walter Finn. B'shin sagart a chaith formhór a shaoil ag múineadh i Scoil na Carraige Duibhe (Blackrock), Baile Átha Cliath, agus a bhí sáite go doimhin i gcúrsaí rugbaí, ní h-amháin sa gcoláiste ach ar fud na tíre. Bhí deirfiúr eile ag Watt a bhí tábhachtach - Winifred a t-ainm a bhí uirthi - "Big Winnie" a tugtaí uirthi. Nasc sí na Conways le clann mhór eile sa gceantar - Na Heaneys. Phós sí Máirtín Heaney, 'the monument' - feirmeoir teann, láidir agus bhí líon tí mór acu. Idir na Heaneys, na Conways, agus na Burkes agus na Feeneys, sílim go bhféadfainn a rá go siúráilte nach raibh clann



eile in Éirinn ar tháinig an oiread céanna sagairt (easpaig) bráithre agus mná rialta uathu agus a tháinig ón dream seo. Nílim ag déanamh amach gur rugadh iad ná gur oibrigh siad uilig sa tír seo. Tá siad scaipthe ar fud an domhain ach tá cuntas iomlán orthu go léir sa leabhrán a thug Fr. Martin J. Heaney amach blianta ó shin "Heaney Families, South Mayo: Short Genealogies". Iar-shagart paróiste Mhaigh Eo na Sacsan (Mayo Abbey) ab ea Martin Joe, go ndéana Dia grásta air!

## *Maigh Nuad.*

Níor chreid mé an seanduine a dúirt liom nár chaith Watt ach ceithre bliana go h-iomlán ag traenáil le bheith ina shagart ach creid é nó ná creid tá roinnt mhaith den fhírinne sa scéal seo. Níl a fhios agam cén bhliain a ndeachaigh sé go Coláiste Iarfhlatha i dTuaim ach caithfidh sé go raibh sé sean go leor agus go raibh an scoil náisiúnta fágtha aige le blianta fada. Tá mé a cheapadh nár chaith sé mórán blianta i dTuaim ar aon chaoi. Is cosúil gur múineadh beagán Laidine dó agus roinnt Bhéarla. Ar aon chuma glacadh isteach i Maigh Nuad é ar an 15ú Eanáir 1870 (i rang Humanity) an 1,289ú mac léinn ón tús. (i.e. 12 Nollaig 1867) agus níl sé liostáilte mar mhac léinn sa bhliain 1874. Is léir mar sin gur ordnaíodh ina shagart é sa mbliain 1873. Bhí sagairt fíor-ghann ag an am - 90 a bhí sa deoise uilig áit a bhfuil breis agus 150 inniu. Ceithre bliana ag foghlaim Diagachta - b'shin í an riail tar éis 2/3 bliana le Fealsúnacht, ach ní raibh éinne ón deoise sa tríú ná sa gceathrú bliain. Mar sin is cosúil gur glaodh abhaile ar an triúr mac léinn a bhí sa dara bliain, Watt, Bernard Freeley, agus William Rhatigan - beirt a bhí ar aon dul le Watt agus ar aon intinn leis agus ní mó ná go maith a réitigh siad le rialacha ná le smacht.

## *Sagart i nDeoise Thuama.*

Go Cill Mhanainn in aice le hUachtar Ard a cuireadh é i dtosach. In ainneoin go raibh sé seo taobh thall den loch (Loch na Coiribe) bhí sé istigh le hOifig Phoist Áth Cinn (Headford) agus d'fhéadfá a rá go raibh sé ar imeall Chonamara. Baineann Cill Mhanainn le Deoise na Gaillimhe anois agus bhain an áit cliú agus cáil amach tamall de bhlianta tar éis do Watt an áit a fhágáil. Ach bhí an mianach céanna sa mbeirt shagart a tháinig ina dhiaidh. Watt agus Pat Coyne an bheirt a chuir tús leis an Siosma Mór. Bhí an bheirt shagart ar aon intinn faoi thiarnaí talún - cos-ar-bholg ar an gcosmhuintir agus bhíodar beirt fíor-mhisniúil. Dá mbeadh a n-intinn déanta suas acu bhí sé an-deacair iad a bhogadh. Níl a fhios agam beo ná beirthe cén fáth a raibh an dearg-ghráin ag Watt ar na tiarnaí talún. Ón méid a chuala mé agus ar léigh mé ba é an tiarna talún, Robert Tighe an duine ba mhó a raibh baint aige leis na Conways agus bhí seisean ceart go leor agus é tuisceanach , mánla. Ach bhí píosaí talún acu taobh amuigh de Chillín Riabhach agus de Scárdán agus ba é Lord Oranmore - Browne an boc a bhí acu ansin. Agus d'fhéadfaí 'boc' a thabhairt air. Ach cibé faoi chúrsaí baile bhí Watt go tréan in aghaidh na dtiarnaí talún i ngach áit dá ndeachaigh sé agus seans ar bith a fuair sé bhí sé in achrann leo.

Ba ghairid san áit nua é nuair a luigh sé isteach ar Robert Martin - an tiarna áitiúil a bhí i gCill Mhanainn. Agus is cosúil gur scríobh mo dhuine litir chlamhsáin chuig an Ardeaspag - b'fhéidir níos mó ná ceann amháin. Ba é John Mac Hale, laoch agus leon an Iarthair a bhí i gcumhacht ag an am, agus níor mhór do shagart, is cuma cé chómh h-óg agus a bhí sé, a bheith fíor- leibideach sul má chaithfeadh Mac Éil i leataobh é ar achainí tiarna talún. Ach lean mo dhuine leis agus ba é deireadh an scéil gur h-athraíodh Watt sa bhliain 1877 go dtí paróiste an Chlocháin. Ní cheapfiann, áfach, gur sa mbaile mór a bhí cónaí air ach in áit éigin taobh amuigh in aice le Teach Pobail Ballyconneely. Chonaic mé tagairt do "Father Conway of Clandeboye" amhail is dá mba fhear cáiliúil é agus b'fhéidir gurbh ann a bhí sé.

Theastaigh teach pobail nua go géar sa gClochán agus bhí Watt an-ghníomhach ag bailiú airgid chuige sin. Sílim go ndeachaigh sé go hAlbain (Glascow) agus go dtí an

3

St. Anne's,
Windsor Street,
Musselburgh,
Scotland.

... approximately 1100 pounds. The only expensive item was the cut stone which cost £80. The S. glass window was a gift from an uncle & a cousin in America. For the 3 altars old Bull demanded £100 but, rather cleverly (I flatter myself) I cut him down to forty. I began the Church in April & said Mass in it on Xmas Day, finished, except the floor, which was of Straw Better, it was quite free of debt

On the 11th of the previous July I began the Presbytery & slept in it 4 months after & that was the 3rd house ... being the School & teachers

"The £6.0.0 payable by [illegible] for clothing of School children continues to end of 1947 - that is for 59 years from the time the investment was made. The Bd. of Works loans are paid off in 35 years but they charge 5%. In this instance only 4% is charged. The amt. invested was £400 - 350 bal. of clothing fund & 50 I added from my own resources. The borrower from the B. of W's wd. have only £100 to repay while in this case he has to pay £[illegible], but, as a set off against the extra £100, he has 15 years longer in which to pay it.

This whole business was sanctioned by Dr. MacEvilly & was drawn up in legal form & the document placed in the Diocesan Archives.

Now I think I have ...

I think I told you a large sum accrues to Carraroe on my death - namely 1/3 of Shares in Guinness' Brewery which I made over to Fr. Blowick on condition that the 3rd should be given to Carraroe. This is stipulated in the stamped agreement between him & me & which he holds. I'm leaving a note to that effect for Archbishop of Tuam, but it may be useful if you record it in Parish Book.

some a sound thrashing & the next Sunday my first in the parish I announced I wd. not again thrash a drunken man. I wd. wait till I got him near a trench, roll him in, souse him till he was sober & then beat him "within an inch of his life". It had a most deterrent effect but I was not satisfied & I applied to MacEvilly for permission to stop all "altars". He referred me to my predecessors - O'Dwyer & Mellet - & they disapproved. So I let the custom continue but ... drunken person was

Bhreatain ar an ngnó seo. Ní dóigh liom gur fhan Watt sa lóistín céanna an t-am ar fad a raibh sé sa bparóiste seo. Ag scríobh litreacha agus eile ba é an seoladh a bhí aige "Ballyconneely". Agus dealraíonn an scéal gur mhaith ann é. Bhailigh sé go leor airgid le h-aghaidh an tséipéil nua.

Scaití shílfeá gur in "Omay" a bhí Watt ag fanacht na blianta sin. Ach feictear dom gur léigh mé san "Parnell Commission Peport" (13 Imleabhar) go raibh sé ag fanacht ar lóistín le Mrs. Walsh i Letterfrack - máthair na beirte, Michael agus Pat ar cuireadh na "Letterfrack Murders" ina leith. Crochadh duine acu agus fuair an leaid eile "transportation" mar a thugaidis air. D'imigh an mháthair go Meiriceá sa deireadh leis na rudaí beaga.

Bhí go maith agus ní raibh go h-olc nó gur socraíodh cruinniú poiblí ar an gClochán ar 1ú Eanáir 1878. Bhí an bheirt M. Ps. Nolan agus Mitchell Henry le bheith ann ag míniú don phobal faoi mar a tharla i dTeach na Pairliminte i Westminister i Londain Shasana. Faoin am seo bhí na daoine ag fáil cineál 'fed-up' de Mhitchell Henry, an Sasanach 'fial flaithiúil' a thóg Kylemore agus a d'fhostaigh an oiread sin daoine ag réiteach talún agus a leithéid. Tá sé soiléir go raibh uisce faoi thalamh ar siúl ina choinne i ngan fhios don fhear mór agus gur beartaíodh ionsaí poiblí a dhéanamh air ag an gcruinniú. Is léir chómh maith go raibh Watt sáite sa scéal. Tharla nár fhéad Capt. Nolan a bheith i láthair - tá mé féin a cheapadh gur scríobh Watt chuige ag moladh dó gan teacht. Ach caithfidh mé a rá nach bhfaca mé agus nár chuala mé éinne eile ag nochtú na tuairime seo.

Ar aon nós, tháinig Mitchell Henry in éindí leis an sagart paróiste, Canon Mac Manus, agus bhí roinnt sagairt paróiste eile ar an árdán chómh maith le h-uaisle móra an bhaile. Bhí Watt agus roinnt sagairt óga eile ina measc. Tugadh faoi deara nach raibh mórán spéise ag an gcómhluadar in óráid fhada Henry. Is fánach an bualadh bos a tugadh dó agus ba léir nach raibh croí an phobail leis.

Agus bhí slua millteach i láthair "Since the days of O' Connell a larger meeting never took place in Connemara" (Freeman's Journal 6th. Jan. 1978). Ritheadh 'vote of confidence', i Mitchell Henry agus níor chuir éinne ina choinne. Ach bhí na daoine ag éirí mí-fhoighdeach agus chómh luath agus a d'éirigh na sagairt agus Henry ina seasamh le n-imeacht, cloiseadh guth ag béicíl "let Fr. Conway take the chair". D'imigh na boic mhóra go rí-thapaidh ach d'fhan Watt agus na sagairt óga - na 'rebels' mar a déarfá.
Is ansin a thosaigh an cruinniú agus an rí-rá i gceart nuair a thosaigh Watt agus na 'speakers eile ag ionsaí Mitchell Henry go fíochmhar . Níor naomh ó neamh anuas a bhí sa bhfear céanna dar leo ach caimiléir a bhí ag ligint air go raibh sé ar thaobh na ndaoine agus ar thaobh "Home Rule".

Ar ndóigh ba scéal mór sna nuachtáin an raic seo sa gClochán. Scríobh Dean Mac Manus litir a bhí sínithe ag "gentlemen belonging to the medical and legal profession, merchants, freeholders and Protestans and in fact the entire population of Connemara". Cháin sé go mór 'the proceedings of certain individuals at Clifden". Ar ndóigh ba ghearr go raibh litir ó Watt faoin rud céanna sa Freeman agus ó Mitchell Henry féin. Lean an chonspóid ar feadh coicís nó dhó agus bhí litir faoi fiú amháin ón Ardeaspag féin, Seán Mac Éil. Níor cháin sé Watt go pearsanta.

Níl lá dá fhaid nach dtagann an oíche. Ba ghearr go raibh Watt ag turasóireacht arís. Ba léir go bhfuair sé cic eile sa tóin ach ba léir chómh maith, ar nós na hócáide eile, nár chic náimhdeach í óir fuair sé áit dheas dá shéiplíneacht. Go dtí an Fháirche a cuireadh é, áit a raibh an sagart paróiste, Fr. Richard Hosty, ag éirí sean agus sceataráilte. B'as Tuaim ó thús dó, fear ciúin, cráifeach, síochánta. Togha scoláire a bhí ann a raibh an-tsuim aige sa nGréigís agus sa Laidin. Faoin am seo bhí sé ag éirí beagáinín dearmadach, seafóideach agus ba é Watt an sagart a bhí i gceannas in ainneoin go mba shine é ná an sagart eile. "C.A." an teideal a cuirtí i ndiaidh ainm Watt sna páipéir Catholic Administrator, agus cuimhnigh nach raibh sé ach cúpla bliain ó rinneadh sagart de.



Mar is eol dúinn cheana bhí an-spéis ag Watt sna séipéil. Ba ghearr ar an bhFáirche é nuair a shocraigh sé dul in éadan an Tiarna Bhacaigh féin, Lord Leitrim. D'ordaigh an diabhal céanna go mbainfí an díon (tuí is dócha) anuas de theach pobail Finney. Ní raibh siad ag íoc an chíosa, a dúirt sé, agus ba leor sin. D'fhág sin go raibh muintir Fhionnaithe gan ord gan Aifreann le blianta fada. Ach bhí misneach fíochmhar ag an séiplíneach nua ar an bhFáirche. Chuir sé díon nua ar an séipéal gan bhuíochas don Tiarna Bacach agus léigh sé Aifreann chuile Dhomhnach dóibh. Aistear fada tuirsiúil a bhíodh le déanamh aige agus contúirteach mar b'éigin dó an capall a chur ag snámh i ndiaidh an bháid trasna Bhéal a' tSnámha áit a raibh feacht fíochmhar. Ní dheachaigh bliain thart nár bádh duine éigin agus beithigh gan áireamh - sa spota mallaithe céanna.

Bhuel, má bhí séipéal Finney faoi réir arís ní raibh Watt fós sásta faoi chúrsaí sa gcuid eile den pharóiste. Theastaigh teach pobail go géar i gCorr na Móna agus chuaigh Watt chómh fada leis an Tiarna Talún, Sir Arthur Guinness, i gCunga. Ní amháin go bhfuair sé ionad (suíomh) don tséipéal uaidh ach fuair sé geallúint ar £200 a fháil uaidh chómh maith.

Ní raibh teach pobail na Fáirche féin thar mholadh beirte. Thosaigh Watt ag bailiú airgid le caoi a chur air seo freisin, bazaars agus a leithéidí. Ag tagairt do shéipéal na Fáirche dom cuimhním gur labhair sé ón altóir go géar, tarcaisniúil tamall gearr tar éis teacht ann dó. Thug sé faoi deara go raibh suíocháin speisialta coinnithe do na Loingsigh - 'private pews' a tugtaí orthu. Ba é Richard C. Lynch an t-aon Tiarna Caitliceach a bhí sa gceantar agus bhíodar dílis go leor don chreideamh agus don Aifreann. "Tá ré na 'private pews' thart", a dúirt sé agus chaith sé amach sa gclós iad agus dódh iad. Ba mhillteach an masla do na Loingsigh é seo agus ní chuile dhuine a bhí buíoch dó dá bharr. Dúradh leis gur chóir dó a bheith buíoch beannachtach do na Loingsigh nár chaill an creideamh riamh agus a chosain na sagairt in aimsir na bPéindlithe. Bhí babhta dornálaíochta aige le George Hopkins as Dúchta (tionónta an Loingsigh) agus tá mé a cheapadh gurbh í seo an chúis a bhí leis. Dealraíonn an scéal gur bhuaigh George an babhta (stumpa beag fir a bhí i Watt) agus b'éigin do Watt a phardún a ghlacadh ón altóir.

Scaitheamh tar éis dó a theacht chuig an bhFáirche d'fhág sé an lóistín a bhí aige ar an mbaile. Dúirt sé nár fhéad sé codladh san oíche leis an raic a bhíodh ag na buachaillí sráide. Amach leis go dtí an teach álainn cloiche (atá ann fós) i nGolden Bay agus geallaimse duit go raibh síocháin agus suaimhneas a dhóthain san áit álainn sin aige.

Rud eile a rinne sé ar an bhFáirche gur thóig sé a dheirfiúr féin, Celia, amach as Baile an Róba agus shocraigh sé suas i siopa í. Bhí Celia pósta le Peter Malone agus dealraíonn an scéal gur theip ar an siopa a bhí acu i mBaile an Róba. San áit a bhfuil siopa David Lynch anois a bhí cónaí ar na Malones agus bhí a gclann ag éirí aníos ag an am. Margaret a bhí ar an ngearrchaile ab óige. Blianta ina dhiaidh sin phós sí Tom Finn, an póilí ba chliste de chuid an R.I.C. a bhí sa gceantar. Chuir an méid sin casadh eile i saol Watt mar bhí sé féin go mór in aghaidh na ndlithe, an Rialtas agus na póilí agus chuile shórt.

Nuair a bhí Watt cúpla bliain ar an bhFáirche bhí an saol ag éirí an-dian ar na tionóntaithe beaga bochta. Bhí cúpla bliain chrua acu i ndiaidh a chéile, 1877 agus 1878. Ach ba mheasa i bhfad Éireann 1879 ná ceachtar acu. Theip ar na fataí agus bhí an aimsir an-fhliuch agus stoirmiúil. D'fhág sin nach raibh móin acu ná tada. "Bliain na mBlocanna" a thugaidís air ina dhiaidh sin mar gheall go rabhadar ag brath chómh mór sin ar adhmad mar ábhar tine.

B'shin an bhliain ar thosaigh Conradh na Talún - An Land League. Bhí Watt an-ghníomhach ag gríosadh na dtionóntaithe in aghaidh na dTiarnaí, ag moladh dóibh a bheith ag lorg laghdú ar a gcíos agus eile. Ní h-iontas ar bith gur thaobhaigh Watt ón tús leis an Land League agus cinnte bhí brainse de bunaithe aige ar an bhFáirche luath go leor sa mbliain 1880, agus ar an Mám chómh maith. Bhí sé sáite go mór sna gnóthaí seo agus ba é an tUachtarán nó an Cathaoirleach é.

Nach i dtús 1880 (nó mar sin) a troideadh "Cath na Ceathrún Rua?" Mar is eol do chuile dhuine séard a tharla sa gcath seo gur bhailigh na daoine le chéile le cur in aghaidh an 'army' mór de shaighdiúir agus de phóilí a bhí ag dul thart ag leagan próiseanna - bhí siad seo riachtanach roimh an 'eviction'. Lean an t-achrann agus an toirmeasc (rí-rá is mó a bhí ar siúl) ar feadh cúpla lá. Na mná a rinne an chuid ba mhó den chosaint agus an ionsaí ar fhórsaí na Bainríona. Sea, bhí na fir i láthair agus bataí agus clocha agus sceana acu, ach b'iad na fir an 'reserve' , mar a déarfá. Glaofaí orthu siúd dá mbeidís riachtanach, ach do 'skirmish' beag suarach mar seo ba leor na mná. Bhíodar sách maith agus ró-mhaith d'arm Shasana. Níor leagadh aon phróis an lá sin.

Fenton an sloinne a bhí ar an "Process Server". Sé'n fáth go n-insím faoi seo do mhuintir na Ceathrún Rua (a bhfuil níos mó eolais acu faoi ná mar atá agam féin) mar ar an dara lá sa gcath cé a bhí i láthair ar thaobh na Ceathrún Rua ach Watt. Bhailigh sé slua maith i nDúiche Sheoigheach agus threoraigh sé amach siar iad. Ar ndóigh ní raibh cúnamh na buíne seo, ach oiread leis na fir áitiúla, ag teastáil an lá sin ach an oiread. Mná misniúla na Ceathrún Rua - sheas siad an fód go calma, cróga agus bhí an lá leo. Ach níor dearmadadh dea-intinn Watt agus a mhuintire agus tamall ina dhiaidh sin nuair a bhí scliúchas den chineál céanna ar siúl sa Mám bhí slua ón áit seo i láthair ag cabhrú le Watt.
D'fhéadfá a rá gurbh eisean an Land League - ní bheadh sé ann dá oireasa.

Bhí an ceantar uilig corraithe, suaite ag an am. Dúradh go raibh sé fíor-shíochánta roimhe sin agus go raibh na 'peasants peaceful and prosperous!' Ach má bhí (rud nach gcreidimid) bhí an ré sin thart agus má bhí trioblóidí, uisce-faoi-thalamh agus caint réabhlóideach ar siúl caithfidh mé a admháil gurb é mo thuairim féin gurbh ar Watt a thit cuid mhaith den mhilleán.

"Nuair a bheas sibh ag déileáil le tiarnaí talún ná bígí ag spáráil an lead" - comhairle ó Watt féin a chuala mé níos mó ná uair amháin.

An gciallaíonn sé sin go raibh sé á ngríosadh chun dúnmharú? Ar ndóigh ní i ngan fhios don Rialtas agus don R.I.C. a bhí sé seo ag tarlú agus faoin mbliain 1881 bhí Watt ainmnithe sa gCaisleán (Dublin Castle) mar dhuine de cheannairí an "Secret Society" a bhí gníomhach sa gceantar.

Ní le caint amháin a bhí Watt ag gníomhú sna blianta crua sin. Bhí sé ag feidhmiú gan stop gan stad ar na 'Relief Societies' a bhí bunaithe i ngach áit. Thagadh sé chuig na cruinnithe ar an Mám, i gCorr na Móna, ar an bhFáirche agus ní dheachaigh seachtain thart nár scríobh sé litir fhada chuig duine éigin taobh amuigh nó dream éigin ag iarraidh cabhair (airgead, bia, rud ar bith eile) do na daoine bochta. Níl a fhios agam cé mhéid litreacha a scríobh sé chuig an "Mansion House Relief Committee". Tá siad ann go fóill le léamh sa Mansion House. Duine dá chomrádaithe a bhí ar an gcoiste ar an bhFáirche (agus ar an Mám) ab ea Lord Mountmorres agus is léir go gcastaí ar a chéile iad go minic.

Níl a fhios agam go baileach cén bharúil a bhí ag Watt do Lord Mountmorres ag an am sin ach bhí aird na dTrí Ríochta dírithe ar an bhFáirche ón 25 Meán Fómhair 1880 anonn. An tráthnóna Sathairn sin do maraíodh le gunnaí an tiarna beag, bocht, suarach seo ar an mbóthar abhaile ón mbaile beag dó. Bhí cruinniú mór den Land League le bheith ar an bhFáirche an lá dar gcionn agus ar ndóigh ba léir don saol go raibh baint idir an dá rud. Ach cén bhaint? An ar mhaithe leis an Land League a maraíodh é nó le damáiste a dhéanamh dóibh? B'shin í an cheist.

An mhaidin dar gcionn agus é ar a bhealach ar ais tar éis dó Aifreann a léamh i gCorr na Móna ní ligfeadh an fhiosracht do Watt gan buaileadh isteach i dteach an Tiarna, Elenor Hall, go bhfeicfeadh sé an corp. Is cosúil go raibh a fhios ag Watt go raibh an bhaintreach, Lady Mountmorres, as baile i Londain. Bhí páipéir Shasana an-mhíshásta faoi iompar Watt. Chorraigh sé cloigeann an mharbhán le fuip a bhí aige le go bhfeicfeadh sé go cruinn an poll a rinne an piléar a mharaigh an tiarna.



Bhí muintir na Fáirche, nó b'fhéidir gur chirte a rá, lucht an Land League idir dhá intinn an gcuiridís siar an cruinniú go dtí Domhnach éigin eile mar gheall ar an dúnmharú. Níor socraíodh tada go dtí go dtáinig an boss, an tAthair Uáitéar, ar ais as Corr na Móna agus d'ordaigh seisean go gcaithfí dul ar aghaidh leis an gcruinniú. Bhí na sluaite daoine agus capaill agus bannaí ag bailiú isteach cheana féin.

Ba é Watt féin a thug an phríomhóráid an lá sin. Bhí leithscéal de phardún faighte acu ó Pharnell a bhí le h-óráid a thabhairt i New Ross an Domhnach céanna. Ar ndóigh ní fhéadfadh Watt gan tagairt a dhéanamh don eachtra mór a bhí i mbéal an phobail ar fud an domhain faoin am seo. Dar le Watt ní h-iontas ar bith gur maraíodh an tiarna talún mar bhí a fhios ag an saol gur dhroch-bhuachaill a bhí ann. Thaispeáin sé go soiléir do chách cén saghas bligeáird a bhí ann nuair a d'imigh a bhean uaidh agus thug sí léi triúr den cheathrar clainne go Londain.

Níor fritheadh éinne ciontach sa dúnmharú. Sea, cuireadh é i leith daoine áirithe agus bhí Watt féin i láthair sa gcúirt agus rinne sé magadh faoi chiontú Pat Sweeney. Chreidfeadh sé, a dúirt sé, gur shantaigh Pat bás an Tiarna ach ba dhuine simplí réidh-chúiseach é nach raibh scil dá laghad i ngunnaí aige agus ba léir gur pleanáileadh an dúnmharú go cúramach, cruinn agus ardscil i gcúrsaí gunnaí ag an dream a mharaigh an Lord.

Lean na póilí ar aghaidh leis an bhfiosrú ach ba thuras in in aisce dóibh é. Tar éis na Nollag tháinig an scéala amach go raibh leaidín óg darbh ainm Daithí Ó Coirbín i láthair ag an 'murder' agus go bhfaca sé chuile shórt. Tharla go raibh sé ag goid capaill a bhí faoi bhun trapa an Lord agus é ina shuí ar na hacastóir nuair a h-ionsaíodh an Lord agus go raibh a fhios aige cé rinne an 'job'.

Brontannas ó neamh anuas do lucht an dlí ab ea an gasúr óg seo agus amach faoi dheifir leis na 'peelers' go dtí teach athair Dhaithí ar Tom Naíonán. Ach má bhí fuadar agus cíocras an domhain orthu ag ceistniú an leaid óg, bhí duine éigin rompu. Sea, Watt. Ag marcaíocht ar a chapall bán a tháinig sé. Bhagair sé ar an ngasúr gan tada a inseacht d'éinne, is cuma cé thiocfadh, nó go gcuirfeadh sé a bheatha féin, beatha a athar agus a mháthar agus beatha chuile dhuine dá mhuintir i mbaol. Bheadh sé mín marbh roimh an gcéad lá den Bhliain Nua. Ba mhaith an chómhairle í agus ceart go leor níor ainmnigh Dáithí Ó Coirbín ná a thuismitheoirí duine ar bith. Ar ndóigh, chuaigh na 'peelers' dian go leor air ; chuireadar ar meisce é cúpla uair, thugadar amach i mbád ar Loch Coirib é agus bhagair siad go gcaithfeadh siad amach as an mbád é. Ach ba chuma céard a rinneadar, agus ní raibh 'peeler' ina measc ní ba ghníomhaí ná Tom Finn - an fear a bhí ag coinneáil cómhluadair ag an am le Mairéad (Margaret), iníon deirféire do Watt féin. Bhagair Watt air mar gheall ar Tom Finn - dúirt sé leis a bheith san áirdeall i gcónaí i láthair an bhoic seo. Rinne an leaid óg sár-éacht ; dhiúltaigh sé na céadta uair an £1,000 a thairg an Rialtas d'éinne a chabhródh leo an fear a bhí ciontach a chúiseadh.

Sa mbliain chinniúnach seo, 1880 bhí rud éigin eile go mór ar intinn Watt - sé sin droichead a thógáil trasna Bhéal a' tSnámha. Tugadh Béal a' tSnámha ar an abhainn a cheangail an dá loch lena chéile - Loch Measc Uachtair agus Loch Measc Íochtair. In ainneoin nach mbeadh droichead beag 20 slat ag teastáil bhí feacht uafásach san uisce ag an spota sin. "The Ferry Bridge" a tugtar air inniu agus ceart go leor bhí cineál 'ferry' ann ag an am. Bád beag locha á h-iomradh ag bean chumasach láidir de na Somacháin - Bríd Shíomóin a tugtaí uirthi. Ní théadh sí amach san oíche ach dhéanfadh sí an turas am ar bith sa lá ba chuma mín nó garbh an aimsir. Agus bhí éileamh mór ar shaothar Bhríd mar go raibh réimse mór tíre ina raibh 250 teach ar an taobh thall - taobh Fhionnaithe - agus mura mbeidís sásta dul amach le Bríd bheadh ar na mílte daoine sin aistir fhada a dhénamh isteach go Gleann Tréig agus amach Tuar Laga, níos mó ná 20 míle.

Níor mhór do mharcach (ba chuma fear

nó bean) an capall a chur ag snámh san uisce i ndiaidh an bháid agus bhí an scéal amhlaidh maidir le beithigh. Ó tharla gurbh é Baile an Róba an baile mór le haghaidh aontaí, margaidh, siopadóireacht agus a leithéidí bhíodh na mílte daoine ag dul an bealach céanna. Agus má bhí, ní dheachaigh bliain thart nach mbáifí duine éigin sa spota mallaithe seo, agus ar ndóigh, beithigh gan áireamh.

Ba ghearr a bhí Watt san áit nuair a fuair sé glaoch ola amach go dtí Mám Trasna. Bean óg a bhí i gcontúirt mhór ag saolú linbh a bhí i gceist agus d'fhan sé léi ar a bealach go dtí an t-oispidéal. B'éigin dóibh fanacht go ngealfadh an lá leis an aistear a dhéanamh trasna agus bhí Watt féin ar crith chómh maith leis an mbean bhocht a bhí sínte ar dhoras ar feadh na hoíche agus í ag gol agus ag osnaíl le pian. Níor laghdaigh an ghaoth ná níor stop an bháisteach ar feadh nóiméad amháin féin i gcaitheamh na h-oíche fada sin.

Ba leor sin do Watt. Shocraigh sé ar dhroichead de shaghas éigin a chur ar fáil do mhuintir an cheantair sin. Chuaigh sé chuig na tiarnaí talún Ardilán (nó Guinness) i gCunga agus an Loingseach i Peterborough ag lorg cúnaimh. Ach bhí an bheirt go mór in aghaidh an droichid. Ní raibh a leithéid ag teastáil. Stopfadh sé báid mhóna na beirte ar an turas isteach go Gleann Tréig le h-aghaidh móna. Gheall Watt dóibh go rachadh sé ar aghaidh leis an droichead dá n-oireasa. Agus chuaigh. Bhí faoistíní (stations) aige thuas ag na Cumaisc (Fires) sa mbothán a bhí acu ar bharr an tsléibhe. Ní théadh ach leithéidí Watt suas de shiúl cos chuig áit a bhí chómh sceirdiúil leis. D'fhógair Watt sa teach sin faoin droichead.

D'íocfadh chuile theach scilling sa ráithe leis na costais a ghlanadh. Agus ansin d'eagraigh Watt féin go dtiocfadh na fir ar lá áirithe le cairteanna agus carraigeacha, gairbhéal agus a leithéidí agus go líonfaidís isteach an stuff ón dá thaobh in éindí. Mar sin i gceann coicís nó dhó bhí 'causeway' ar chaon taobh agus nuair a bhíodar i bhfoisceacht 10 slat óna chéile leagadar síos giarsaí, cláracha láidre adhmaid agus 'abracadabra" bhí droichead acu!

Ní gá a rá go raibh na daoine thar a bheith sásta le h-obair Chill Bhríde agus ba ghearr gur chum Tomás Mór Ó Cadhain as Dumheachta Chnoc Bháin amhrán ag ceiliúradh na h-ócáide. Bailéad ar ndóigh a bhí sa gceann seo. "Sráid-Éigse" a déarfaidh tú. Bhuel, ba ea ar bhealach ach thaispeáin sé an dearcadh a bhí ag na daoine ag an am ar thábhacht an Droichid dóibh féin agus an meas nó an grá a bhí acu do Watt nó don Athair Uáitéar mar a thugadh chuile dhuine air.

Bhí cineál scáth agus eagla ar chuid acu roimhe. Shíleadar go raibh cumhacht ósnádúrtha aige ar dhaoine agus ar eachtraí. Ceann de na cumhachtaí a bhí aige na naimhde a ghreamú den talamh! Sea, tá a fhios agam gur creideadh é seo freisin i dtaobh sagart eile. Bhí na daoine an-simplí ag an am, gan léann ná tada.

Sin í an bhrí atá leis an líne..."go ngreamódh Watt Cromwell den talamh dá mbeadh an scabhaitéir sin beo anois! Bhí a fhios ag Watt féin go maith faoina pisreoga (superstition) seo ina thaobh. Tá scéilín ann faoin lá ar iarr sé ar ghasúr óg strainséartha sa mbaile mór greim a choinneáil ar a asal an fhaid is a bhí sé féin istigh sa tsiopa. Ach nár dhiúltaigh mo dhuine é seo. Bhagair Watt go bhféadfadh sé é a ghreamú den talamh, dá gcuirfeadh sé olc air. "Bhuel, greamaigh an t-asal den talamh mar sin, agus beimid uilig sásta" a d'fhreagair an buachaillín mí-mhúinte agus lasc leis.

Seo cuid den áiféis atá in "Amhrán an Droichid" atá beo fós i gcaint na ndaoine sa gceantar. Ní thuigim féin chuile fhocal de agus nílim cinnte ach an oiread gur phioc mé suas i gceart go h-iomlán é. Bhí mionrudaí anseo agus ansiúd nach raibh mar a chéile ag na seandaoine a thug dom é ach an oiread leis an leagan gearr atá le fáil i Roinn an Bhéaloideasa in Ollscoil Átha Cliath i mBelfield. Is cosúil gurb é seo an chéad uair a chonacthas é seo curtha le chéile. Nílim cinnte ach an oiread go bhfuil na bhéarsaí san ord ceart. Is amhlaidh a chuir mé féin san ord seo na píosaí a fuaireas ó sheandaoine éagsúla. Tá cuid acu sa gcré anois.



## Amhrán Bhéal a' tSnámha.

Lá dá ndeachaigh mé amach an baile seo darbh ainm Cill Bhríde,
Casadh an tAthair Uáitéar dom agus é ag dul ag éisteacht faoistin,
Thug sé dúinne obair mhaith dá mb'fhéidir í a dhéanamh,
Is ní raibh ann ach obair sheachtaine go raibh Béal a' tSnámha líonta.

Is iomaí sagart ceanasach a tháinig ar an bhFáirche,
Ach ní dhearna ceachtar acu graithe an Athar Uáitéir,
A rinne bóthar aicearra seo trasna Bhéal a' tSnámha,
A bhfuil cead ag daoine a dhul anonn agus anall air.

Tá *caisleán thiar ag Henry ar caitheadh leis na mílte, (*Kylemore)
Tá *seantower thoir ag Guinness a chaith fiche bliain á dhéanamh, (*Ashford)
Tá droichead ar an tSionainn a tharraingeodh uiscí thórthaí Bhriain,
Ach ní thabharfainn fataí seaca orthu *ar ghualainn obair Chille Bhríde.

Níl fear ó fhágas tú Seanafaireachán go mbailigh tú Binn Ádha soir,
A raibh a ghraithe ag dul an bhealaigh nach raibh a scilling gheal sa ráithe air,
An Rialtas níor chaill sé tada leis, pingin níor chaith an Rí ann,
Ach rinne an tAthair Uáitéar agus togha fir Chille Bhríde é.
(*ar ghualainn = le hais).

Tháinig litir as New York chugam ag cur tuairisc an triúir saorthaí,
A chuir na clocha ceangail mar chuirfeadh an Gobán Saor iad,
Chuir mé scéala anonn chucu gurbh shin rud nach bhfaighidís,
Ach amháin go raibh an obair tosaithe ach nach raibh sé críochnaithe.

Da mba anois a bheadh Cromail ag cur cogaidh ar na bráithre,
Ag leagan a gcuid mainistreacha agus ag briseadh dlí an Phápa,
Seo é an fear a smachtódh iad, cumhacht an Athar Uáitéir,
Cheanglódh sé den talamh iad go bhfeiceadh an saol brách é.

Saol fada ag Father Conway bóistéis ag an Athair Uáitéir,
Sé a rinne an bealach aicearra trasna Bhéal a' tSnámha,
Tá cairteanna is bhaigíní ag dul trasna ann is iad líonta,
Gurbh é a dúirt fear dá bhfaca é dheamhan briseadh i ndán dó choíche.

Ach mo léan, bhí briseadh i ndán dó agus in achar gairid chómh maith. Tháinig báisteach mhór agus scuab an tuile mhór a lean é na carraigeacha, na clocha agus an gairbhéal isteach sa loch. Nílim cinnte nár tharla sé seo an bhliain chéanna inár tógadh é. Dheisíodar é ar bhealach ach ní raibh a gcroí ann. Ní raibh Watt á n-eagrú ag an am seo mar bhí a dhóthain féin de thrioblóidí pearsanta ar a aire. D'fhágadar na giarsaí adhmaid an-íseal, beagán os cionn leibhéal an tsamhraidh den uisce. Ar ndóigh nuair a tháinig an geimhreadh agus na tuilte bhíodar faoi bhun an uisce agus ba doiligh iad a fheiceáil. Ach bhí daoine ag dul sa tseans dul trasna i gcónaí. Orthu sin bhí Watt féin a léim píosa fada deireanach uair amháin. Níorbh fhada eile gur imigh an 'causeway' amach sa loch arís. Ach thoiligh an dá Chómhairle Chontae, Gaillimh agus Maigh Eo, droichead nua 'ferro-concrete' a dhéanamh. Mhair sé seo sílim gur blaisteáileadh é in aimsir na dTans. Buachaillí na h-áite a rinne an job.

Má bhí na daoine an-bhuíoch do Watt i ngeall ar an droichead, bhí na daoine tábhachtacha - an dá thiarna, Guinness agus Lynch ar buile leis agus Guinneas go mór mór, chuir seisean tús leis an achrann fada idir é féin agus Watt. D'fhéadfá a rá gurbh é Ardilán (Guinness) ba chiontaigh le ruaigeadh Watt as an bhFáirche. D'imigh mo dhuine craiceáilte nuair a d'úsáid Watt an £200 a thug sé dó le h-aghaidh séipéal Chorr na Móna, d'íoc Watt é seo le deisiú a dhéanamh ar shéipéal na Fáirche a raibh drochbhail air. Mheas Watt go mba mhó go mór a bhí an t-airgead ag teastáil ansin ná sa séipéal nár tosaíodh go fóill.

Rud eile a chuir Guinness ar buile an t-uisce-faoi-thalamh a bhí ar siúl ag Watt ina choinne i gCunga féin. Bhí Watt ar a dhícheall le muintir Chunga a eagrú ar mhaithe leis an Land League. Ghríosaigh sé iad le cruinniú mór a eagrú do Chunga. Bhí conspóid fhada shearbhasach ar siúl sa 'gConnaught Telegraph' agus Watt ag scríobh go rialta in aghaidh Ghuinness ag míniú cén chaoi ar mhill sé Cunga Fheichín.

D'éirigh leis faoi dheireadh agus tionóladh an cruinniú ar 11 Iúil 1880 le taobh na seanmhainistreach ar imeall eastáit Guinness. Bhí sé féin ar buile, ar ndóigh, agus an sagart paróiste cáiliúil chómh maith le Fr. Pat Lavelle a bhí mar a dúradh "ar sodar i ndiaidh na n-uasal" faoin am seo agus, ar ndóigh, faoi chumhacht Ghuinness.

Shocraigh Guinness an dlí a chur ar Watt agus shaighneáil sé writ chuige sin. Ba é Jamsey McGrath an 'process server' agus in ainneoin go bhféadfadh sé an 'summons' a thabhairt do Watt am ar bith ina theach féin shocraigh sé (le beannacht Ghuinness) é seo a dhéanamh go poiblí le masla a thabhairt do Watt.

Ag teacht amach dó as an 'steamer' ag Lisloughrey, tar éis dó a bheith i nGaillimh, a bhí Watt nuair a shiúil mo dhuine suas an 'gangplank' agus thairg sé an 'summons' dó os cómhair an tsaoil. Bhuail racht feirge Watt agus bhrú sé Jamsey as a bhealach. Tharla go raibh fuip ina láimh aige agus dúradh gur bhuail sé buille dó ar Jamsey bocht. Ní dóigh liom é.

Bhí chuile shórt pleanáilte ag Jamsey agus bhí póilí i láthair - Garvey a bhí air seo, sílim. Tugadh Watt os cómhair na cúirte i gCunga mar gheall ar an 'assault' seo. Ba é an fíor-bhoc féin, Major Traill, a bhí ar an mbinse an lá sin agus bean ghalánta éigin a bhí gléasta suas ar nós 'film star' lena thaobh. Bhí Traill sásta gur cruthaíodh an 'assault' agus ansin cheistnigh sé 'Constable' Garvey faoi "charachter of Father Conway". Dar le Garvey níor dhuine síochánta a bhí i Watt agus ba leor sin don bhreitheamh. Ghearr sé dhá mhí príosúntachta le 'hard labour' ar Watt a d'iarr 'appeal'. Bhi an tír agus páipéir uilig na tíre ar buile faoi seo - an tarcuisne a tugadh don sagart, teachtaire Dé agus é seo ag teacht ó bhostún gan mhúineadh - Traill.

Ba i mBaile an Róba a tháinig an athghairm ('appeal' )aníos. Bhí aird na tíre ar an gcás faoin am seo agus d'fhág sin go raibh an baile pacáilte lá na cúirte. Bhí duine de na h-aturnaithe ba mhó cáil sa tír fostaithe ag Watt. Adye Curran ab ainm dó agus níor thóg



sé i bhfad air sa gcúirt go raibh poll mór faighte amach aige i gcás an Stáit. Ní 'technicality' go dtí an ceann seo! bhí an chéad chás (faoi Traill) liostáilte "Constable Garvey v. Rev. Walter Conway" nuair ba chóir "An Bhainríon Victoria v. Rev........." a bheith ann. Caitheadh amach an cás mar sin, cuireadh píonós Traill - an dá mhí sa bpríosún, ar ceal agus tugadh costais do Watt chómh maith.

Nuair a cloiseadh na gártha gliondair istigh sa gcúirt bhí a fhios ag na mílte daoine taobh amuigh go raibh an lá leo agus mise i mbannaí gurbh iad a bhí go ríméadach áthasach. Iompraíodh Watt amach as an gcúirt agus ar fud an bhaile ar ghuailne na bhfear. Bhí mórshiúl mórtasach fada acu le 'sidecars', trapanna, capaill agus eile síos chómh fada le Cunga áit a raibh óráidí agus eile agus ansin an rud céanna ar an bhFáirche. Bhí páipéir na tíre rí-shásta go bhfuair Traill cic sa tóin. Ní raibh an boc céanna 'popular'. Duine de na 'Special R.M.S.' a bhí ceapaithe ag Buckshot Forster ab ea é agus gheall Forster do Ghladstone, an Príomh-Aire, go gcuirfidís Éire faoi smacht iomlán taobh istigh de shé mhí. M'anam nár chuir! Le taispeáint go raibh croí Watt san áit cheart i gcónaí inseoidh mé an scéilín seo. Fhaid agus a bhí mé lonnaithe i gCorr na Móna, gar do scór blianta ó shin, thaispeáin seanfhear as Dumhochta dom an teach áirithe seo - fothrach, ag an am, agus dúirt sé gur mhair trí 'fhamily' ann uair amháin. Ar ndóigh shíl mé gur ag rámhaillí a bhí sé, ach níorbh ea. Léigh mé litir sa "Freeman's Journal" a scríobh Watt ag lorg cúnaimh don trí chómhluadar a bhí go dona as ina pharóiste féin.

Is amhlaidh go raibh an triúr dearthái seo ag maireachtáil an-ghar dá chéile i nDumhochta. Ró-ghar ba léir mar nuair a chuaigh ceann de na tithe trí thine taobh istigh de chúpla soicind bhí na trí theach agus chuile rud iontu dóite go talamh. Is ar éigin a tháinig na daoine slán, ach sílim gur dódh roinnt ainmhithe.

Tháinig Watt anoir ón bhFáirche an lá dar gcionn chómh luath agus a chuala sé faoin tubaiste. Scríobh sé litir fhada chuig an "Freeman" ag cur síos ar an radharc truamhéalach a bhí feicthe aige, líon tí na dtrí theach bailithe le chéile i scioból fliuch, salach, iad préachta leis an bhfuacht agus ocras orthu agus gan fiú giobal éadaí, ná bia ná gléas cócaireachta acu. Faoi cheann seachtaine bhí litir eile uaidh sa bpáipéar ag gabháil buíochais faoi na cúpla punt a fuair sé. Thrácht sé ar an méid a chonaic sé an dara lá. Tháinig na daoine ó chian agus ó chóngar le gach saghas rud idir bia, beithigh, cairteanna le clocha, adhmad agus eile. Shocraigh siad go dtógfaidís teach amháin a bheadh sách mór dóibh ar fad go sealadach. Ach ní teach sealadach a bhí ann. Bhí na Duffy's lán- tsásta maireachtáil le chéile in aon teach amháin agus mhair. B'fhíor do Phat Tom Pháidín faoin 'teach trí fhamily' - go ndéana Dia grásta air!

Ar ndóigh tharla cuid mhaith eile sna blianta a d'fhan Watt ar an bhFáirche agus lean sé ar aghaidh ag achrann le tiarnaí talún agus a leithéidí. Tá sé spéisiúil an chaoi ar láimhseáil Watt an sagart clúiteach Fr. Pat Lavelle a raibh a chúl tugtha aige don 'náisiúntachas' agus don tír-ghrá agus é ag obair ar son na ndaoine bochta faoi seo agus é soiléir go raibh sé ar thaobh Lord Ardilán.

Ar ndóigh níor lig sagart paróiste Chunga air féin gur mar sin a bhí an scéal ach glac uaimse é, ba ea.

Sa mbliain sin, 1881, nuair a cuireadh Parnell i bpríosún ar an 13 Deireadh Fómhair phléasc an tír amach le hóráidí agus 'agitation' de gach saghas. Ní raibh baile mór sa tír nach raibh "Protest Meeting" ann ag cur in iúl don Rialtas go nglacfadh an tír leis an dubhshlán a thug Gladstone. Ní ró-mhór a bhí baile na Fáirche ach d'eagraigh Watt cruinniú mór don Domhnach dar gcionn. Thug sé óráid bhreá fhuinneamhach uaidh ach mo léan ba é a 'swan-song' é. Bhí Ardilán ag feidhmiú ina choinne agus nuair a fuair cosantóir Watt - an tArdeaspag Mac Éil bás i dtús mhí na Samhna ba é an chéad rud a rinne Mac a' Mhílidh a tháinig ina áit ach cic sa tóin a thabhairt do Watt arís. Cic fhada mhór chómh maith - go dtí Achadh Mór (agus Cnoc Mhuire) a

cuireadh é chómh fada soir agus a d'fhéadfadh sé imeacht agus ar imeall na deoise.

Ní ró-fhada a d'fhan sé ansin áfach agus d'fhan sé ciúin go leor chómh maith. Is soiléir gur bhagair Mac a' Mhílidh air fanacht amach ó gach saghas trioblóide agus achrainn, agus rinne sé amhlaidh.

## *An Cheathrú Rua.*

Thart ar dhá bhliain a chaith Watt ag obair i gCnoc Mhuire a thuill cliú agus cáil agus a mheall na mílte daoine ón mbliain 1879 nuair a chonaic glac bheag daoine an Mhaighdean Bheannaithe. Bhí paróiste an Chillín folamh - bhí cuid mhaith buildeála agus eile le déanamh ann agus ó tharla go raibh togha na Gaeilge ag Watt ón gcliabhán cuireadh ann é sa bhliain 1883.

Rinne sé obair dáréag an fhaid agus a bhí sé ansin. Trí bliana déag a chaith sé ann agus tá rian a láimhe le feiceáil san áit inniu féin. I measc na rudaí a chuir sé roimhe a dhéanamh ba é an gnó ba phráinní orthu sin teach pobail nua a thógáil. Tá na figiúirí a d'fhág sé againn go fóill agus má fhéachann £1,100 suarach dúinne inniu le haghaidh an tséipéil ní raibh a leithéid d'airgead le fáil ag fás ar phortaigh na h-áite - £80 an tsuim shingil ba mhó a bhí le n-íoc aige ar an 'cut stone'.

Smaoinigh Watt ar Mheiriceá arís le h-airgead a fháil agus is go Meiriceá a chuaigh sé agus d'fhan sé leis na Glynn's agus le daoine eile a bhí muinteartha leis ó cheantar Chlár Clainne Mhuiris. D'éirigh go rí-mhaith leis i gcúrsaí airgid agus chabhraigh na Glynn's agus gaolta eile go mór leis. Bhronn uncail leis (le cabhair óna chol-ceathrar) fuinneog álainn daite (stain glass window) air. "For the three altars old Ball demanded £100, but rather cleverly (I flatter myself) I cut him down to £40. I began the Church in April and said Mass in it on Christmas Day, finished except for the floor which was of straw. Better it was quite free of debt. On the 11th. of the previous July, I began the Presbytery and slept in it four months after, and that was the third house....." Is mar sin a scríobh Watt an fhaid agus a bhí sé ag obair mar shéiplíneach in St. Annes, Windsor Gardens, Musselbrough. Tá an litir ar fáil go fóill i measc na bpáipéar atá i seilbh an tsagairt pharóiste.

Ní h-amháin gur thóig sé séipéal dóibh agus teach don sagart ach thóig sé scoileanna chómh maith. Ní raibh aon rud mar sin a d'fhág sé gan déanamh. Bhí sé fíor-ghnóthach i gcónaí, fear maith oibre agus é gealgháireach, sona chómh maith.

An gcreidfeá go raibh suim ag an sagart paróiste i gcúrsaí poitín? Bhuel, bhí, agus ní spéis amháin a bhí aige ann ach scil. Sea, d'fhoghlaim sé ceird an stiléara an fhaid agus a bhí sé thiar agus thug sé a ghléas leis nuair a d'fhág sé an Cheathrú Rua agus bhí sé i bhfolach aige faoi chláracha adhmaid sa 'sitting room' i dteach an tsagairt i nGleann an Mhadaidh. Cúrsaí sláinte ba chúis leis an tsuim seo. Bhí cliabhrach lag ag Watt ó laethanta a óige, gheobhadh sé slaghdán go minic agus lena scórnach agus a chliabhrach a chosaint ón bhfuacht d'fhás sé féasóg! Ní amháin go n-óladh sé braon roimh dul a chodladh dó ach chuimlíodh sé meascán de phoitín agus d'ola dá chliabh agus bhíodh píosa olann anuas air sin aige. Níl a fhios agam ar raibh leigheas sa méid sin ach cuimhnigh gur mhair sé go raibh sé 92 bliain d'aois.

Tá scéilín agam a léiríonn cén saghas duine a bhí sa sagart paróiste. Bhí duine darbh ainm Stephens a bhí muinteartha le Watt ina chónaí i mBaile Átha Cliath agus bhí post éigin aige a bhain leis an R.I.C. Scríobh sé chuig Watt ag tabhairt le fios dó go raibh triúr cigirí le dul go dtí an Cheathrú Rua le breith ar na stiléirí a dúradh a bheith an-ghníomhach san áit. D'inis mo dhuine fiú amháin an lá agus an traein ina mbeidís ag triall ar Bhaile an Róba.

Bhí go maith agus ní raibh go h-olc, mar a deiridís fadó. Nuair a shroich siad stáisiún Bhaile an Róba chonaic siad an sagart seo a bhí ar an láthair. Cheistnigh siad é agus nach breá go raibh seisean ag dul go dtí an áit chéanna agus trap breá aige faoi chapall cumasach! Nuair a shroicheadar an Cheathrú Rua bhí



béile breá ullmhaith dóibh ag Bríd, bean a' tí. Faoin am seo bhí sé ina oíche agus gan ostán ná lóistín ná tada i bhfoisceacht deich míle den áit.

Thug Watt dhá leaba óna theach féin do bheirt acu agus fuair sé leaba eile don tríú duine i dteach an mhúinteora. Roimh dul a chodladh dóibh thug sé deoch bhreá teann dóibh as an 'decanter' a bhí aige agus chodail siad go sámh síochánta.

Ar maidin dar gcionn nuair a cheistnigh siad an sagart faoin stuff iontach a bhí aige san 'decanter' d'fhreagair Watt gur poitín a bhí ann. Bhí an triúr i sáinn. Níor fhan focal acu. Ní fhéadfaidís tada a dhéanamh in aghaidh na stiléirí. Ba é an sagart paróiste a chosain iad siúd. Phleanáil sé an t-iomlán ón tús. Ach leis an bhfírinne a rá bhí Watt fial, flaithiúil le chuile dhuine.

Tá litir san "Galway Vindicator (15 X11.1883).

Rinne Robert Hayden, American Correspondent of the Philadephia Press cur síos ar thuras a thug sé ar an gCeathrú Rua i nDeireadh Fómhair na bliana sin. "As there is no hotel or lodgings for miles I had to partake of the hospitality of the priest.......My host was one of the best Nationalists among the clergy and his heart is with the people. He is Father Walter Conway. He can take a wild-duck on the wing, or sing a good song and preach as eloquent a sermon as one could wish to hear. Although Fr. Conway is only here a short time, already he has won the hearts of his flock. He does not spare himself from serving them, and they do not spare their affectionate gratitude."

Ceart go leor bhí cáil ar Watt mar sheanmóirí agus gheobhadh sé cuireadh seanmóirí a thabhairt i séipéil éagsúla ar fud an Iarthair. Ba é Watt an chéad shagart a thug seanmóir i nGaeilge ar bharr Chruach Phádraig sa mbliain 1905. Dúradh sa "gConnaught Telegraph" nár cloiseadh seanmóir ní b'fhearr riamh ná an ceann a thug sé i gCaisleán an Bharraigh (i nGaeilge) oíche Aoine a' Chéasta 1881.

D'iarr an tArdeaspag Mac a' Mhílidh air leagan Gaeilge a chur ar an 'Catechism' agus rinne sé sin. Bhí an 'Catechism' a scríobh Watt dhátheangach agus in úsáid ar fud na deoise ar feadh blianta fada. Bhí an-spéis i gcónaí aige in oideachas daoine óga agus tá litreacha ar fáil uaidh ag cur in iúl an imní a bhí air faoi dhrochbhail na nGaeilgeoirí gan focal Béarla i Sasana agus fiú amháin ar fud na hÉireann.

Lean Watt ar aghaidh mar ba ghnáth leis ag breathnú i ndiaidh chuile shórt a bhain leis an séipéal, na scoileanna agus eile. Agus ba bhródúil, beannachtach an duine é an chéad lá ar léigh sé Aifreann don phobal sa séipéal nua. Ach mar is léir bhí suim aige sna daoine chómh maith agus go mór mór i ndaoine bochta. Bhí sé féin fial, flaithiúil, grá-diamhar i gcónaí agus mhair a chuimhne beo ar feadh blianta fada tar éis imeachta dó.

## *Gleann an Mhadaidh 1896-1919.*

Níl a fhios agam cén fáth gur h-athraíodh é. An é go raibh sé ag éirí tuirseach? Ní cheapfainn é. Bhí séipéal nua ag teastáil gan mhoill chómh maith le tithe do na sagairt, scoileanna 7rl. sa bparóiste seo. Rud eile, bheadh sé gar go maith dá mhuintir féin i Scárdán agus bhí Watt i gcónaí an-cháirdiúil lena mhuintir. Thagadh sé go minic ar a rothar tráthnóna Dé Domhnaigh agus d'fhilleadh sé abhaile ar an Luan.

Níl a fhios agam go cruinn cé mhéid scoil a thóg sé sa bparóiste seo. I gcás cuid acu bhí dhá scoil i gceist - ceann do na buachaillí agus ceann faoi leith do na cailíní. Is cinnte go raibh dhá scoil i Lisín na hEilte (dhá sheomra an ceann) agus uimhir rolla faoi leith ag chaon cheann acu. Tá litreacha san Roinn Oideachais go fóill a scríobh Watt faoi ghraithí a bhain le múinteoirí, teastais dochtúra nuair a bheidís tinn agus eile. Is eol dom go bhfuair sé cuid mhaith trioblóide agus crá-croí as graithí scoile an fhaid agus a bhí sé i nGleann an Mhadaidh. Agus nílim a rá nach raibh baint éigin idir é seo agus a imeacht féin ón áit.

Sílim gurbh é Watt a thóig an scoil nua in Ard Aoibhinn. Ar an gcaoi chéanna ba é a

thóig an teach nua don tsagart paróiste agus teach nua don téiplíneach. Ach, ar ndóigh, ba é teach an phobail an job ba mhó a rinne sé. Beannaíodh é Lá Fhéile Pádraig 1905 agus táim a cheapadh gur bhuaigh sé féin geall céad punt ón Ardeaspag faoi sin. (Is cosúil nár chreid an tArdeaspag go bhféadfadh sé an job a dhéanamh chómh scioptha sin nuair a gheall Watt é seo am éigin faoi Nollaig na bliana 1904.

Bhí 'Workhouse' ar an nGleann agus bhíodh Aifreann á léamh ann chuile Dhomhnach ag a naoi ar maidin. Ba é Watt féin a léadh an ceann seo agus ansin léadh an séiplíneach aifreann ar a deich an fhaid agus a bhí an séipéal nua á thógáil. D'úsáid Watt na clocha a bhí i ndíon an tseanséipéil leis an halla nua paróiste a thógáil agus, ar ndóigh, bhí daoine ag clamhsán faoi seo. Ach ba chuma le Watt faoi chasaoid ó dhaoine achrannacha. "Beidh siad ag casaoid ar aon chuma", a deireadh sé. Mar sin ní bhíodh áird ar bith aige ar chúlchaint a bhíodh ar siúl maidir le ceapachán múinteoirí nua. Go h-iondúil ba é an polasaí a bhí aige strainséirí a cheapadh i leaba post a thabhairt do mhuintir na h-áite. Rud eile, chaithfeadh siad a bheith dathúil, le pearsantacht mhaith agus d'iarradh sé orthu amhrán a chanadh ag an agallamh sula dtabharfadh sé an post dóibh.

I gcónaí, gcónaí bhí an-spéis aige i gcúrsaí léinn agus scolaíochta agus thagadh méadú air sin dá gceapfadh sé go mbeadh seans ar bith go mbeadh gairm (vocation) ag gasúr a d'fhéadfadh a bheith ag smaoineadh dul le sagartóireacht nó cailín a bheadh ag cuimhniú dul sna mná rialta. Tá cuid mhaith litreacha uaidh mar gheall air seo, fiú amháin agus é ina sheanfhear i Musselbrough. Thugadh sé cabhair airgid as a phóca féin lena leithéidí seo.

Is eol dom daoine, idir fhir agus mhná, ar chabhraigh sé leo le comhairle agus le h-airgead ar a mbealach tríd a saol spioradálta. Agus is léir ó na litreacha gur fhan an spéis agus an dúthracht sin leis nó go bhfuair sé bás. I measc na ndaoine seo is cosúil gurbh é Fr. Walter Finn an duine ba mhó cáil. Is cuimhin leat gur mhac le Tom Finn , an póilí dílis dúthrachtach, a phós iníon a dheirféire, Celia, an fear seo. Nuair a chuala sé faoi mhian an fhir óig dúirt sé leis gur cheart dó smaoineadh roimhré maidir le dul ag obair mar shagart i nDeoise Thuama. Ach sílim go mb'fhearr le Watt féin é nuair a shocraigh Watt óg dul isteach in Ord an Spioraid Naomh. Chaith Fr. Walter Finn, C.S.S.P. an chuid ba mhó dá shaol ag múineadh i Scoil na Carraige Duibhe i mBaile Átha Cliath. Is mar gheall ar spéis Fr. Walter sa rugbaí agus an scil a bhí aige mar 'choach' ba mhó a tharraing cáil air. Arbh é an chéad Alickadoo é?

Lean an sean-Watt, an tAthair Uáitéar, ag obair leis i nGleann an Mhadaidh. Scríobh sé stair ghearr an pharóiste - Buaimhneach a ainm i nGaeilge agus ba léir go raibh sé sona sásta san áit. Ba cheart go mbeadh mar ba é a chuir an áit ar a chosa. D'fhéadfá a rá nach raibh aon pharóiste ann sular tháinig sé. Bhí ceantar ann ach b'shin an méid. Seanfhear ón áit a raibh aithne aige ar sheisear sagart paróiste sa nGleann a tháinig chucu, ní raibh aon amhras air faoi cé acu a b'fhearr - Watt.

Ach ar ndóigh ní raibh an saol saor ó thrioblóidí. Bhí raic mhór agus achrann ann mar gur imigh fear óna bhean chéile. Ní raibh Watt ná an séiplíneach craiceáilte ar an taobh céanna agus sílim gur tarraingníodh Tuaim (i.e. an tArdeaspag) isteach san achrann. Bhí trioblóid eile ann maidir le pósadh. Bhí cailín breá dathúil - múinteoir, san áit ar theastaigh uatha Preisbitéarach Ultach a phósadh a bhí ag fanacht ar lóistín sa teach céanna léi. B'fhacthas do Watt nár thuig sí céard a bhí á dhéanamh aici mar ní ró-mhór an meas a bhí aige ar an Orangeman ná ag muintir an Ghleanna. - gearán eile chuig Tuaim.

Níor imigh bliain thart gan trioblóid faoi scoil éigin nó múinteoir éigin ach sílim gur mar gheall ar an séiplíneach a bhí aige a d'fhulaing Watt an crá-croí ba mhó sna blianta deireanacha a d'fhan sé sa nGleann.

Nuair a d'fhág Watt an áit sa mbliain 1919 socraíodh go gcaithfí £100 sa mbliain a íoc leis - £66 a thiocfadh ón sagart paróiste agus an fuílleach ón séiplíneach. Fr. Tom Heaney a



tháinig ina dhiaidh agus ón méid a h-insíodh dom bhí sé lán-tsásta an tsuim mhór airgid sin a chur anonn go Musselbrough chuile bhliain ach nílim ró-chinnte faoin séiplíneach - ní bhfuair sé paróiste riamh.

Ní dóigh liom gur fhill Watt go dtí an Gleann riamh in ainneoin go raibh ráfla ann gur tháinig sé uair amháin faoi ghléasa bréige mar thincéara! B'fhéidir gur fhill sé go hÉirinn uair nó dhó go dtí an chathair le haghaidh bainse. Ach is i Musselbrough a d'fhan sé. Léadh sé Aifreann do na mná rialta gach maidin.

D'imríodh sé 'golf' beagnach chuile lá agus d'éirigh go rí-mhaith leis. Bhí 'short-game' iontach aige agus bhuaigh sé bonn míosa (monthly medal) níos mó ná aon uair amháin in aghaidh fir nach raibh leath chómh sean leis féin.

Mhair an tsuim a bhí aige ina mhuintir féin. Scríobhadh sé go minic chuig cuid acu, ní amháin in Éirinn ach ar fud an domhain. Ach nílim a rá in ainneoin an tsuilt agus an tsásaimh a bhain sé as 'golf' nach mbíodh sé croí-bhriste, buartha go minic. Ní dhéanadh sé casaoid le h-aon duine ach bhí a chroí sáite sa tír seo agus ina chuid oibre mar shagart.

Mar gheall ar an obair seo agus ar a shaothar uasal ar feadh beagnach leathchéad bliain ba cheart go mbeadh an deoise seo, Ard-Fhairche Thuama, buíoch dó. Fear cróga, sagart dílis, dúthrachtach, Gael go smúsach, a bhí san Athair Uáitéar Mac Conbhuí.

Grásta ó Dhia ar a anam uasal!



**Lá beannú na Scoile Náisiúnta ar an gCeathrú Rua i 1956.**

*Sa bpictiúr: Liam Mac Donncha, o.s., Brian Ó Muirí, o.s., Tadhg Ó Móráin, Pádraig Ó hEidhin, Cigire Scol, Beryl Ní Chuinneagáin, o.s., An tAth. Aindriú Ó Móráin, S.P., Maitiú Ó Dónaill, Diana Bn. Uí Dhónaill, o.s., Eamonn de Valéra, (Uachtarán na hÉireann), Piaras Ó Conaire, Risteárd Maolcatha, Aire Oideachais, M. Scott, Ailtire, A. Bn. Uí Chuinneagáin, o.s., An tAthair Seán de Bláca, Dóirín Bn Uí Colchúin, Cáit Ní Fhlatharta, o.s., Micheál Ó Dónaill (Comhairleoir Condae), Máire Ní Dhonnacha o.s., Seán Ó Seaghdha, Micheál Ó Nualláin, o.s.*

# Beagán Eolais.

### le Dónall Ó Colchúin

Ar an 12/5/1893, an lá sular beannaíodh an séipéal nua chuir an tÁrdeaspag Mac a' Mhilidh tuairim is 600 faoina láimh i Séipéal Mhic Dara, i bParáiste an Chillín ar an gCeathrú Rua. Céad bliain ina dhiaidh sin, i 1992, chuir an tÁrdeaspag Ó Casaide cheithre scór faoi láimh easpag.

Tugadh an t-ádhmad le ceann a chur ar Shéipéal Mhic Dara in 1892 as Tí Chomerford i nGaillimh ar an "Maighdean Mhara" go Céibh Chalaidh Thaidhg. B'iad Peaitsín John Mac Donncha agus a dheartháir, Michael a bhí i bhfeidhil an bháid atá fós ag clann Johnny Jimmy Pheaitsín John Mac Donncha. Thugadar ádhmad amach freisin do theach an tsagairt a tógadh in 1892 agus do na scoileanna náisiúnta a tógadh in 1893, agus teach an mhúinteora.

Sular tógadh Séipéal Mhic Dara in 1892 bhí an séipéal san áit a bhfuil an scoil náisiúnta faoi láthair agus bhí scoil do bhuachaillí agus do chailíní le n-ais in 1864.

Ba é Beairtle Tom Rua a choinnigh greim ar an gcrois ar bharr an tséipéil go dtí gur ghreamaigh sé í. Ba é Beairtle athair Chóil de Bhailís agus athair an Athar Máirtín de Bhailís as an bPoinnte.

Ba é Coilmín Beag Breathnach a chur an ceann ar an séipéal agus deirtear go raibh sé iontach ag plé le moirtíseacha. Sean-athair le Peaitín Phádraig Searlaí ab ea Coilmín agus bhí Seáinín Ó Coisdealbha as Cor na Rón ag obair mar shiúinéir leis freisin.

Tonna meachain atá i gClog an Aifrinn agus cé gur thit sé cúpla uair nuair a bhí sé in airde os cionn an phríomhdhorais, níor déanadh aon dochar.

Ó leic an dorais go dtí barr na croise, áit a mbíodh Clog an Aifrinn, tá airde de cheithre troigh déag agus trí scóir. Athraíodh an clog isteach san bhfoirgneamh nua i 1950.

Sa mbliain 1833 gearradh fíneáil de £40 ar shagart paráiste na Ceathrún Rua de bharr gur rugadh air ag déanamh poitín. Ach i ndeireadh na dála ba é an £40 sin a cheannaigh Clog an Aifrinn san Ardeaglais i dTuaim - "Clog an Phoitín" a tugtaí air scaití.

Sa mbliain 1891 chuaigh an sagart paráiste, An tAthair Uaitéar Mac Conbhuí go Meiriceá le hairgead a bhailiú don séipéal nua agus i 1949 chuaigh an tAthair Aindriú Ó Móráin, S.P., go Meiriceá freisin chun íoc as an bhfad a cuireadh síos as an séipéal.

May 10.—His Grace the Archbishop of Tuam, accompanied by the Rev. T. Curran, C.A., set out on an extended visitation and confirmation tour in the remote districts of Iar-Connaught and Connemara. His Grace visited on his way the parish church of Knock, Spiddal, where he was received by the worthy pastor, the Rev. T. Hosty, P.P. The country from Spiddal to Carraroe is a bleak, barren district, thinly populated, the people having to work like slaves to eke out a miserable existence, of which a better description annot be given than by quoting the words of an Irish member of the Tory Government in his place in the House of Commons—viz., that "Carraroe was a district in which no living thing could subsist except a snipe or a dispensary doctor."

At the village of Killeen his Grace and the clergy were agreeably surprised to find a beautiful new Gothic church, complete in every detail, magnificent new school buildings, and a stocking factory which affords employment to about two dozen girls. The material is supplied to the factory by English employers, but the wages given is so small that it would not support the workers, and must be supplemented by the parish priest, the Rev. Walter Conway, through whose untiring energy and solicitude for the poor entrusted to his care, the factory has been started. Father Conway is sanguine that after a little while this and similar concerns will be found to be in a flourishing condition. Although the sea in this locality abounds in fish, the people have no boats or fishing gear, and the men are forced to go to Scotland annually to earn what helps to pay exorbitant rents. The beautiful church and schools have been principally raised by outside help. The poor people of the district have done their best by way of labouring at the several buildings. Very few of them are able to contribute anything else, so that the materials, all of which, with the exception of the granite of which the walls are composed, had to be imported into this remote place at great cost, were partially supplied by the subscriptions of kind and sympathetic friends both at home and abroad, and there still remains on the shoulders of this hardworking priest the embarrassment of considerable debt. Tuesday was devoted to the examination in the Christian doctrine of the candidates for Confirmation and in hearing the confessions of the children. From an early hour on Wednesday morning, his Grace and the clergy were engaged hearing the confessions of the adults, hundreds of whom received Holy Communion. Before administering Confirmation his Grace expressed satisfaction at the knowledge of the Christian doctrine evinced by the children. Benediction of the Blessed Sacrament terminated the salutary and edifying work of the day. The number confirmed was about 600.

On Ascension Thursday morning the church was crowded at a very early hour, the faithful assisting with most edifying attention at the Masses celebrated by his Grace and the priests present. Immediately before last Mass the imposing ceremony of the dedication of St. MacDara's Church was performed by his Grace. The scene was an impressive one. The plateau on which St. MacDara's is built is some forty or fifty feet higher than the roadway below, and is reached by flights of spacious steps. Around the church outside was the kneeling reverent congregation in solemn silence as his Grace in cope and mitre, carrying his crozier, and attended by a large number of priests, passed along performing the holy rite. Thus was brought to a close for these simple peasants a week fraught with graces and blessings. His Grace on his departure was greeted with ringing cheers and heartfelt God speeds.

At the conclusion of his visitation his Grace passed a high and well-merited eulogium on the zeal, piety, and efficiency of Father Conway, which evoked the cordial assent of his reverend brethren and the people. On the afternoon of Thursday his Grace, accompanied by the Very Rev. Dean Ronayne, V.F., P.P., Ballinrobe, and the Rev. J. Curran, C.A., Tuam, proceeded to Connemara, where he will be engaged for a considerable time visiting the several parishes and conferring Confirmation.



# Sagairt as an gCeantar.

### le Dónall Ó Colchúin

**An tAthair Máirtín de Bhailís**, Cumann Íosa, as an bPoinnte, ar an gCeathrú Rua a hoirníodh ar an 31 Iúil 1947 agus a fuair bás in Adelaide na hAstráile ar an 29 Márta 1973.

**An tAthair Diarmaid Ó Nualláin** as an gCaorán Mór, An Cheathrú Rua a hoirníodh Domhnach Cásca 1962 agus atá anois amuigh sna Cameroons, san Afraic.

**An tAthair Tomás Ó Tuathail** as Doire Né, Casla a hoirníodh ar an 12 Iúil 1964 san Órd Chairmilíteach agus a fuair bás ar an 27 Bealtaine 1972.

**An tAthair Seán Mac Donncha** as Inis Mhic Cionna, An Cheathrú Rua agus a hoirníodh ar an 13 Meitheamh 1965. Chaith sé seal san Afraic agus tá sé anois i gCnoc Mhuire.

**An tAthair Fiontán Ó Monacháin** a hoirníodh ina shagart ar an gCeathrú Rua ar an 16 Meitheamh 1991 in aice lena áit chónaithe i nDoirefheárta agus atá anois ag múineadh Gaeilge i gColáiste Iarfhlatha i dTuaim.

**An tAthair Pádraig Adlaí** as Leitir Mealláin atá anois ina shagart paráiste i gCárna. Oirníodh é ar an 14 Meitheamh 1964.



## An Cillín

[Tá Árd-Ḟeis Ċonnraḋ na Gaeḋilge le tionólaḋ i mbliadna sa gCeaṫraṁain Ruaiḋ, an baile is táḃaċtaiġe i bparáiste an Ċillín].

Idir Cuan Ċasla agus Cuan an Ḟir Ṁóir atá talaṁ an Ċillín (deir Ruaiḋrí Ó Flaiṫbeartaiġ), tuairim ċeiṫre ṁíle ar ḟad, a ḃfuil eaglais cois fairrge ann, ar tugaḋ Teampall Ins' Mac Ádaiṁ sa sean-reaċt air, a ḃfuil an ḟéile a ḃaineas leis ar an gcúigeaḋ lá déag den Ṁárta. ("Between Casla Haven and Fearmore, or the Great Man's Haven, lyes the land of Killin, about four miles, where stands a church by the sea-side, which antiquity named Inishmacaw church, the feast day whereof is on the 15th of March").

An sean-teampall i Roiliġ Ḃárr a' Doire, i n-aice na tráġa annsin, atá i gceist. "Teampull ins' Mac Adaiṁ" a ṫugann Séamus Ó hArgadáin air i ngluais don eagrán de "West or H-Iar Connaught" an Ḟlaiṫbeartaiġ a ḋfoillsiġ an Irish Archaeological Society" i mBaile Áṫa Cliaṫ i mbliaḋain a 1846. Ionann an t-ainm, deir an tArgadánaċ agus "the church of the island of the sons of Adam." Naoṁ Smuċán Mac Ádaiṁ a tugtar sa gCillín ar naoṁ-ṗatrún an Teampuill. Níl aon ċainnt le fáġail faoi i leaḃar mór an Aṫ. Seán Mac Colgáin O.F.M., na "Acta Sanctorum Hiberniae" (Eanair, Feaḃra, Márta) a ḋfoillsiġ Oifiġ an tSoláṫair arís beagán bliaḋan ó ṡoin (O.D.F.R., Stuara Oifiġ an Ṗosta, B.Á.C., 1948, £6 - 6 - 0), ná ag an gCanónaċ Ó hAnluain ("Lives of the Irish Saints").

Tá cainnt ag Ruaiḋrí faoi'n dá ċuan. Tá dá ṁíle, deir sé, as Aḃainn Ċruimlin ("Cromlin river") go hAḃainn Ċasla ("the river of Casla"). [Mílte fada iad, le h-ais mílte an lae indiu!] Teiḋeann an aḃainn isteaċ i gCuan Ċasla agus bíonn iasgaċ bradán agus liaṫán ("These white trouts are called *Liha'n*") uirṫi i n-aġaiḋ na bliadna. Teiḋeann na liaṫáin suas an aḃainn ón ḃfairrge, deir sé, mar a ḋéanann na bradáin. Ceiṫre ṁíle Éireannaċa, deir an tArgadánaċ i ngluais, atá béal Aḃann Ċasla siar ó ḃéal Aḃann Ċruimlin. Deir an tArgadánaċ go dtugtar i nGaeḋilge [1846] "Cuan Chaisle, the bay of Caushlia" ar an gcuan. Tugann Mackensie agus Larkin, deir sé, "Casleh bay" air, agus an ceart acu. Tugann Mr. Nimmo, i n-a ċuid stiúir do luċt píolóite "*Castello*, or Casleh harbour" air. Fograiḋeaċt truaillí, deir an tArgadánaċ, Castello ar Casleh, nó Casla, ainm ceart an ċuain. Ḃí sé ceart ag Nimmo é ċur i leaṫ-taoiḃ.

I mbliaḋain a 1674, deir Ruaiḋri, fuarṫas amaċ iasgaċ sgadán i gCuan Ċasla. An ḃliaḋain sin—bliaḋain a raiḃ freisin ganntanas mór arḃair i nÉirinn—ċlis ar iasgaċ na sgadán i gCuan na Gailliṁe agus dá ḃárr sin cuireaḋ tús leis an iasgaċ sin i gCuan Ċasla. Lean sé go ceann cúig mbliaḋan agus ċlis air arís annsin. Is mó na sgadáin, deir Ruaiḋrí, i gCuan Ċasla ná i gCuan na Gailliṁe agus is luaiṫe a ṫagann siad. Ċonnaic Ruaiḋrí sgadán ann a ḃí oċt n-orlaċ déag ar ḟad.

Ḃí an t-ainm Cuan an Ḟir Ṁóir ar an gCuan sin ċoṁ fada siar—ar a laġad—le 1560. An ḃliaḋain sin—mar a ṁeaḃruiġeann an tArgadánaċ—tá sé tugṫa síos ag na Ceiṫre Máiġistrí i nAnnála Ríoġaċta Éireann gur briseaḋ soiṫeaċ ar ċarraig ag béal Ċuan an Ḟir Ṁóir i nIar-Ċonnaċta agus gur báṫaḋ suas le céad fear. Ar na daoine a báṫaḋ ḃí Tuaṫal Ó Máille, an píolóite ab ḟearr do luing ḟada le n-a linn.

Deir an tArgadánaċ go dteasbántar carraig—carraig ṁór, atá fallaṁ istiġ, a dtugtar "Coinneóg an Ḟir Ṁóir" air, agus trí ċarraig eile a dtugtar "Ḃrannraḋ an Ḟir Ṁóir" orṫu—áit, má's fíor, a raiḃ corcán ag an ḃfear Mór, i n-a mbruiṫeaḋ sé na míolta móra, a ṁarḃuiġeaḋ sé le slait agus doruġa! Crann dara a ḃíoḋ mar ṡlait aige agus cábla mar ḋoruġa. De réir an tseanċuis a ċuala an tArgadánaċ, ḋéanaḋ sé slad freisin ar na soiṫiġ a ḃíoḋ a' ḋul an bealaċ.

Taoḃ ṫiar de Ċuan an Ḟir Ṁóir, deir Ruaiḋrí, tá Garmna, Leaṁċoill agus Caisleán Leitir Mealláin ("the lands Garmna, Lawroill, and Lettermelan Castle"). I nGarmna tá Teampall an Oiliṫir ("In Garmnia is Olither church, or the Pilgrime's church"). Leaṁċoill—"Leaṁċóill, i.e. Elmwood, anglicised Loughil"—an taoḃ ṫeas ḋOileán Ġarmna, deir an tArgadánaċ. Tá foṫraċa Teampaill an Oiliṫir, deir sé, ar an taoḃ ṫiar ṫeas ḋOileán Garmna, marcáilte ar léarsgáil Larkin. Tá Caisleán Leitir Mealláin—mar ṁeaḃruiġeann an tArgadánaċ—i gceist i nAnnála Ríoġaċta Éireann i mbliaḋain a 1584; ḃí Murċaḋ Mac Aoḋa i n-a ċoṁnuiḋe ann san am.

Ceann Gualaim ("Keanngualaim, or the cape of Golamhead"), deir Ruaiḋrí, an puinnte is fuide amaċ i mbaruntaċt Muiġe Cuilinn, oċt léaga as Gaillim, idir Cuan Caisin ("Cassin haven") agus an ḟairrge ṁór. Ceann Gualaim, deir an tArgadánaċ, tugtar "Gulin head" sgaiṫtí air, agus minic go leor "Golden

# Áit-Ainmneacha sa gCeathrú Rua.

*le Pádhraic Ó Conaire*

| | |
|---|---|
| ***Barr a' Doire*** | (doire - coill daraigh) |
| *An Caorán Mór* | (caorán - taobh cnocán de thalamh sléibhe) |
| *An Gleann Mór* | |
| *An Sruthán* | (ó Shruthán an bheannaithe a shníonn ó Loch an Mhuilinn go farraige) |
| *Cnoc an Phobail & Loch na Naomh* | (ionaid oilithreachta) |
| *Bóthar an Chillín* | (ó Theampall Inis Mhic Ádhaimh) |
| *Bóithrín an tSagairt* | (ón am a raibh an séipéal agus Teach an tSagairt sa gCaorán Mór) |
| *Loch Aill an Duilliúir* | (siar ó Bhóthar an Chillín, níl ann ach riasc anois) |

| | |
|---|---|
| ***An Caorán Beag*** | |
| *An Poinnte* | (ón gcora ag Gob an Phointe) |
| *Aill an Chlogáis* | (in aice an tigh solais) |
| *An Fhaithche* | (ón teach mór a bhí ag na Máilligh suas go dtí lár an chéid seo caite) |
| *An Tismeáin* | (tomhas meáin, b'fhéidir - i lár báire) |
| *An Baile Ard* | |
| *Cnoc an Phréacháin* | |
| *Sruthán na Teorann* | (ó Loch an Eala go Loch an Mhuilinn, sean teorainn an deoise) |
| *Loch an Eala* | |

| | |
|---|---|
| ***An Cheathrú Rua Theas*** | |
| *An Roinn* | (roinnt, limistéar talún) |
| *Gob Chora na Ronna* | (an pointe is faide ó dheas sa leithinis) |
| *Loch na Mionnán* | (mionnán gabhair) |
| *Poll na nGabhar* | (ó thuaidh den loch) |
| *Loch na gCaisleach* | (caisle, sruthán) |
| *Trá na bPáistí* | (áit a gcuirtí páistí nár baisteadh) |
| *Trá an Dóilín* | (dólán - crumpán beag) |

| | |
|---|---|
| ***An Bóthar Buí*** | |
| *An Léana Fionn* | (léana, talamh íseal "Fairfield" a cuirtí ar shean mhapaí 7rl.) |
| *Páirc an Bhaile* | |
| *Tobar an Mhulláin* | (mullán, cloch. Tá sé sa gcladach siar ó thuaidh ó Chora na Ronna) |




| | |
|---|---|
| ***An Cheathrú Rua Thuaidh*** | |
| *Doire Fhátharta Mór* | (coill daraigh na bhfFáthartach) |
| *Doire Fhátharta Beag* | |
| *Loch an Mhuilinn* | (bhí damba agus muileann sa Sruthán fadó) |
| *Coilleán* | (coill bheag) |
| *Caladh Thaidhg* | (tar éis Tadhg Ó Catháin) |
| *Cora Theach an tSalainn* | (bhí stór salainn ann sular tógadh Céibh Chaladh Thaidhg) |
| *Na Lathaigh Dubha* | (lathach, áit láibeach) |
| *Cora na Móna* | |
| *Caladh na Siongán* | |
| *An Ros Rua* | |
| *Inis Mhic Cionnaith* | |
| *An tOileán Iarthach* | (ar an taobh thiar) |
| *An Tuairín Garbh* | (tuar, garraí glas) |
| *Cloch an tSeoil* | (cloch mhór ar dhéanamh seol mór i gCoilleán) |
| *Cloch na Toirní* | (cloch mhór a scoilt i nDoire Fhátharta) |
| *Loch an Fhir Mhairbh* | |
| *Loch an Bhric Mhóir* | |
| *Druim an Liagáin* | (liagán, cloch ard aonraic) |
| *Bóthar na Scrathóg* | |

| | |
|---|---|
| ***Cladhnach (Claí)*** | |
| *Cnoc Ballach* | (spotaí breaca ann) |
| *Cora na hAirde* | |
| *An Crompán* | |
| *Céibh an Chroisín* | |


| | |
|---|---|
| ***Doire an Fhéich*** | (ón éan, an fiach dubh) |
| *Aill na Graí* | (graí - áit a mbeadh capaill nó sa tseanaimsir slua daoine nó eile) |
| *Abhainn Chasla* | |
| *Loch Uí Chadhain* | |

| | |
|---|---|
| ***Leitir Mucú*** | (Leitir, taobh sléibhe) |
| *Loch na mBruaichíní* | |
| *Loch an Mhianaigh* | (bhí mianach luaidhe ann fadó) |
| *Loch Bharr an tSrutháin* | |
| *Portaigh Sheana na bhFáthach* | |
| *Loch Chara Fionnla* | (Tá Cara Fionnla ar an gcuisle idir na lochanna) |

| | |
|---|---|
| ***An Cheathrú Rua Thiar*** | |
| *An Tuairín Mín* | |
| *Cuan na Loinge* | |
| *Loch an Tuairín* | |
| *Loch Átha an Ghadaí* | |




*1896*



*Ag cur fad as Séipeál Mhic Dara 1949*





*1924*



*1926*



1946



*Lá Choirp Chríost 1946*





1936



1936




1942




Pictiúr dár teideal "A Pattern Day in Connemara 1934", a rinne Charles Lamb R.H.A. 1893-1964






Cros bhóthar na Ceathrú Rua 1957




1947



*Lá dul faoi lámh Easbag 1972*



*Misinéirí Johnny Gorey, Pádraig Mac Aoidh agus an tAth. Stiafán Ó Conghaile*



*An tAth.Seán Ó Máille a bhí i dTír an Fhia sna blianta 1948-1954*



# Sagairt Pharáiste an Chillín agus Gharumna.

| | |
|---|---|
| ***An tAthair Ó Ruairc*** | bhí sé anseo sa mbliain 1818 |
| ***An tAthair Peadar de Róiste*** | fuair sé bás sa mbliain 1855 agus gan é ach 41 bliain d'aois. Tá leagan amháin de scéal a deir gur marbhaíodh é agus leagan eile a deir go bhfuair sé bás de ghalar éigin. |

| | |
|---|---|
| ***An tAthair Aibhistín Ó Duibhir*** | 1855 - 1872 |
| ***An tAthair Máirtín Ó Méalóid*** | 1872 - 1883 |
| ***An tAthair Uaitéar Mac Conbhaí*** | 1883 - 1896 |
| ***An tAthair Seán Ó hÉalaí*** | 1896 - 1928 (80 bl.) |
| ***An tAthair Pádraig Mac Aodha*** | 1928 - 19 Samhain 1938 (56 bl.) |
| ***An tAthair Aindriú Ó Móráin*** | 1938 - 3 Feabhra 1957 |



*An tAthair Aibhistín Ó Duibhir*

Bhí ***An tAthair Fitzpatrick*** (Mac Giolla Phádraig) anseo le linn don Athair Ó Móráin a bheith i Meiriceá ag bailiú airgid don séipéal ó 1949 - 1950
Bhí ***An tAthair Tadhg Ó Móráin*** anseo tar éis bháis a uncail ar feadh 6 mhí.

| | | |
|---|---|---|
| ***An tAthair Micheál Ó Diaghdha*** | 1957 - 1968 | (go Kilkerrin) |
| ***An tAthair Tomás Ó Conceanainn*** | 1968 - 1975 | (go Corafinn) |
| ***An tAthair Máirtín Ó Lainn*** | 1975 - 1994 | |

# Séiplínigh an Chillín.

| | | |
|---|---|---|
| ***An tAthair Máirtín Ó Murchú*** | | |
| ***An tAthair Ó Tnuthail*** | (i gCarndolla) | |
| ***An Dr. Ó Coisdealbha,*** | **R.I.P.** | |
| ***An tAthair Ó Cuanaigh*** | (i mBéal Átha hAmhnais) | |
| ***An tAthair M. Ó Lainn*** | 1969 - 1975 | |
| ***An tAthair Pádraig Standún*** | 1975 - 1987 | (in Inis Meáin) |
| ***An tAthair Tomás Ó Mainnín*** | 1987 - 1990 | (i gCorr na Móna) |
| ***An tAthair Seosamh Ó Féinneadha*** | 1990..... | |

# Séiplínigh Gharumna.

| | | |
|---|---|---|
| *An tAthair Mullarkey, R.I.P.* | - | 1908 |
| *An tAthair Marty Adams, R.I.P.* | - | 1908 - 1912 |
| *An tAthair Ó Giobúin, R.I.P.* | - | 1912 - 1914 |
| *An tAthair Paddy Moane, R.I.P.* | - | 1914 - 1916 |
| *An tAthair Martin Joe Ó hÉanaí, R.I.P* | - | 1916 - 1917 |
| *An tAthair Martin Ó Murchadha, R.I.P.* | - | 1917 - 1918 |
| *An tAthair Micheál Breathnach, R.I.P.* | - | 1918 - 1919 |
| *An tAthair Micheál Mac a' Mhilidh, R.I.P.* | - | 1919 - 1921 |
| *An tAthair de Búrca, R.I.P.* | - | 1921 - 1923 |
| *An tAthair M. Ó Laoi, R.I.P.* | - | 1923 - 1925 |
| *An tAthair E.P. Ó Donnacha, R.I.P.* | - | 1925 - 1929 |
| *An tAthair William Nohilly, R.I.P.* | - | 1929 - 1934 |
| *An tAthair T. Ó Coinceanann, R.I.P.* | - | 1934 - 1938 |
| *An tAthair Louis Hennelly, R.I.P.* | - | 1938 - 1939 |
| *An tAthair Séamus Ó hÓráin, R.I.P.* | - | 1939 - 1944 |
| *An tAthair Seosamh Mac Conamara, R.I.P.* | - | 1944 - 1948 |
| *An tAthair Seán Ó Máille, R.I.P.* | - | 1948 - 1955 |
| *An tAthair Seán de Bláca* (i gCluain Beirn) | - | 1955 - 1960 |
| *An tAthair P. Ó Coisdealbha* (i mBéal Átha hAmhnais) | - | 1960 - 1961 |
| *An tAthair Micheál Ó Flannabhra* (i gCnoc na hAille) | - | 1961 - 1971 |
| *An tAthair Micheál Ó Fátharta* (sa Pháirc i gCo. Mhaigh Eo) | - | 1971 - 1980 |
| *An tAthair S. Ó Gráda* (i dTuaim) | - | 1980 - 1981 |
| *An tAthair M. Ó Longa* (i gCaisleán an Bharraigh) | - | 1981 - 1989 |
| *An tAthair T. Ó Nualláin* (i gColáiste Iarfhlatha) | - | 1989 - 1991 |
| *An tAthair C. de Bláca* (i dTír an Fhia) | - | 1991 - |



# Teampall Inis Mhic Ádhaimh.

*le Pádhraic Ó Conaire*


Leathchéad slat ó dheas de reilig Bharr a' Doire, le hais na farraige, atá ballaí agus beanna Theampall Inis Mhic Ádhaimh ina seasamh go daingean, maorga le tuilleadh agus chúig chéad bliain.



Tá go leor eolais faoin seanteach pobail seo atá ceilte anois orainn i gceo na meánaoiseanna agus tá sé tráthúil ar bhealach nach féidir a rá go díreach cé acu baile ar leis é - Barr a' Doire nó An Caorán Beag - mar, de réir na léarscáilte oifigiúla, is go díreach ar theorainn an dá bhaile sin atá an teampall ina sheasamh.


Ní fios ach an oiread cén uair go baileach ar tógadh an teampall ach níl amhras ar bith ann ach go dtéann sé siar chúig chéad bliain ar a laghad. Is uaidh a tháinig ainm na háite sa tseanaimsir - An Cillín - an t-ainm a luaitear fós le Bóthar an Chillín agus in ainm an pharóiste - Paróiste an Chillín agus Gharomna.

Foirgneamh mór a bhí ann, é 60 troigh ó bhinn go binn agus 22 troigh ar leithead.



Tógadh go maith agus go láidir é de chlocha gearrtha eibhir an cheantair cés moite den chloch aoil atá sna fuinneoga agus sna doirse. Trí troithe ar tiús atá na ballaí agus d'ainneoin gálaí agus stoirmeacha is díol suntais na beanna a bheith slán fós suas go dtí an chloch mhullaigh.

Bhí doras sa mballa ó dheas beagán siar óna lár agus ceann eile, atá dúnta faoi láthair ar a aghaidh ó thuaidh. Cloch aoil ornáidithe a bhfuil cuid de ar iarrraidh anois atá sna gialla agus sna háirsí. Bhí fuinneoga beaga caola sna ballaí ó dheas agus



ó thuaidh ach is mór an spóirt í an fhuinneog mhór sa mbinn thoir a ligeadh solas na maidine isteach os cionn na haltóra. Deir na seandálaithe gur timpeall chúig chéad bliain ó shin a bhí fuinneoga ar an múnla seo á ndéanamh.

Ar an taobh istigh bhí an teampall roinnte ag balla a d'fhág seomra sa gceann thiar scoite amach ón gcuid eile. Is cosúil gur áit chónaithe don tsagart a bhí ann mar ba

mhinic sa tseanaimsir go mbíodh a leithéid faoin díon céanna leis an séipéal féin. Bhí áiléar os a chionn - tá poill na ngiarsaí le feiceáil sa mbinn thiar.

Ina leabhar faoi stair Iar-Chonnachta a scríobhadh sa mbliain 1684 déanann Ruairí Ó Flaithearta tagairt do Theampall Inis Mhic



Ádhaimh. Deireann sé go raibh sé ann leis na cianta an uair sin féin agus insíonn sé gur ar an 15ú lá de Mhárta a déantaí lá phatrún an tséipéil a cheiliúradh.

Le hais an teampaill tá seanchéibh agus is dócha gur i mbáid agus i gcurachaí a thagadh cuid mhaith den phobal chuig an Aifreann mar ní mórán bóithre a bhí sa leithinis seo go dtí lár an chéid seo caite.

Le taobh an teampaill, ó dheas, tá altóir a chuir an sagart paróiste, An tAthair Máirtín Ó Lainn, á tógáil sa mbliain 1980. San altóir seo tá cloch altóra ar a bhfuil scríbhinn i Laidin á chur in iúl gur sagart darbh ainm an tAthair Pól Ó Ruairc a chuir á déanamh í sa mbliain 1818. "Hoc altare dei erigebatur a Reverend domino Paulino O' Roarke A.D. 1818" Thabharfadh an dáta le fios gur sa teach pobail sa gCaorán Mór a bhí an chloch altóra ar dtús.


Is feiliúnach mar chomhartha é Teampall seo Inis Mhic Ádhaimh ar dhílseacht mhuintir na háite seo don chreideamh Caitliceach leis na céadta bliain anall.
Sheas sé d'ainneoin gálaí agus stoirmeacha na gcianta mar a sheas creideamh na ndaoine d'ainneoin cruatan agus géarleanúna agus suaitheadh an tsaoil.

I dtús an chéid seo caite is sa gCaorán Mór a bhí teach an phobail timpeall na háite ina bhfuil Tigh Nualláin anois. I lár an chéid rinneadh séipéal san áit a bhfuil Scoil Náisiúnta Mhic Dara anois is ina dhiaidh sin arís a tógadh an teach pobail a bhfuil a chéad bliain á chomóradh anois againn.






## An tAthair P. Mac Aodha, S.P. 1928 - 1938.




B'é an tAthair Pádraig Mac Aodha a bhí ina shagart paráiste ó 1928 - 1938.
Bhí misiún anseo i 1931, agus i 1934, agus ba ag an gceann sin a labhair an tAthair Ó Conghaile as Árainn in aghaidh an phoitín agus a tógadh
"Tobar na Croise".

Bhí an-tsuim ag an Athair Mac Aodha sa bhfoghlaeireacht, agus nuair a fiafraíodh de an ar cuairt ar na daoine tinne a bhí sé lá, d'fhreagair sé -
"Ní hea - ag marú atá mé inniu."

Scríobh sé sé dhráma - "Brídín ón gCeathrú Rua" agus "An Broc" ina measc, agus Beatha Naomh Iarfhlatha agus Naomh Breandán.

Fuair sé bás ar an 19 Samhain 1938, agus gan é ach 56 bliain. Tá sé curtha i reilig na sagart le hais an tséipéil.

## An tAthair A. Ó Móráin, S.P. 1938 - 1957.




Bhí an tAthair Aindriú Ó Móráin ina shagart paráiste ó 1938 go dtí 1957.
I 1949 cuireadh tús le fad a chur síos as an séipéal - dhá sciathán, an túr, agus an sanctóir, agus chaith an tAthair Ó Móráin bliain i Meiriceá ag bailiú airgid le n-íoc as an bhfoirgneamh nua. Thóg sé an scoil náisiúnta nua i 1956.

Bhí an Ghearmáinis ar a thoil aige, agus is minic a thagadh bosca leathair ón leabharlann i nGaillimh chuige.

Ba chara mór leis An tArdeaspag i dTuaim, An Dr. Breathnach, mar go rabhadar in aon rang i Maigh Nuad.

D'éag sé ar an 3ú Feabhra 1957, agus tá sé curtha i reilig na sagart ar an gCeathrú Rua.

## *An t-Athair Micheál Ó Diaghaidh 1957 - 1968*




B'as ceantar Bhaile a' Mhuilinn i dtuaisceart Chontae na Gaillimhe don Athair M. Ó Diaghaidh. Le linn dó a bheith anseo mar shagart paráiste, bhíodh scannáin á dtaispeáint aige gach oíche Dé Domhnaigh sa seanscoil.

Nuair a leag an stoirm "Debbie" an seanhalla i 1958, b'é féin agus an séiplíneach, an tAthair Ó Coisdealbha, D.D. a thóg an halla nua - Halla Éinne.

I 1967 bhí misiún aige anseo agus sagairt an tSlánaitheora i láthair.

Aistríodh go Cill Chiaráin in Oirthear na Gaillimhe é i 1968, agus is ann a fuair sé bás ar an 28ú lá d'Iúil 1980.

## *An tAthair Tomás Ó Conceannain 1968-1975.*



Tháinig an tAthair T. Ó Conceannain go paráiste an Chillín ar an gCeathrú Rua as Contae Mhaigh Eo, ach bhí sé mar shéiplíneach sa leathpharáiste i dTír an Fhia, Garumna ó 1934 - 1938.

Ba lena linn a díoladh an seanscoil le coláiste Gaeilge samhraidh a chur ar bun.

B'é féin agus an séiplíneach, an tAthair Máirtín Ó Lainn, agus ceathrar sagart eile a rinne an tAifreann a chomhchéiliúradh Domhnach Cásca 1972 nuair a cuireadh tús le Raidió na Gaeltachta.


Aistríodh go Cora Finne é i 1975 áit a bhfuair sé bás ar an 3ú lá de mhí na Samhna 1987.



I the undersigned do hereby declare, and testify, that the Male and female Schools situated in the chapel yard of Killeen, in the Archdiocese of Tuam, were designed by the Revd Austin O'Dwyer P.P, and myself, with the consent of our respective parishioners, for the common and permanent use of the two districts of Killeen, and Cararoe; and that conformably with such design, I on the part, and in behalf of the people of Cararoe, contributed in an equal degree with the Revd Austin O'Dwyer towards the erection and completion of said Schools.

Patrick Cullen R.C.C.
[illegible] & Cararoe

Dated this 26th day of March, 1864.



*Ó chlé: Nan Dooley, An Dr. John Dooley (Ardeaspag Hanoi) agus an Pápa Eoin XXIII*

*Tailte an Chillín (the lands of Killeen)*, atá ag *Ruaidhrí Ó Flaitheartaigh* sa leabhar *West of H-Iar Connaught*, is tagairt é don chuid ó dheas den leithinis, de réir cosúlachta. Luaigh sé ina cheann sin go raibh seanbhallaí séipéil i dtailte an Chillín. Mar sin, meastar gur ionann an Cillín agus *Teampall Inis Mhac Adhaimh*, mar a chuir an Donnabhánach síos. Ar ball, ainmníodh Cillín mar bhaile fearainn sa leabhar *Book of Survey and Distribution* (1652). Le barr ar chéad bliain, tugtar paróiste an Chillín ar an bparóiste a bhfuil muid cruinn anocht ann. Ní heol dom an t-ainm, *Paróiste an Chillín*, a bheith le fáil ar pháipéar i nGaeilge go dtí 1872.

Tá litreacha ó pharóistí éagsúla i gConamara sna *Wardenship Documents* 1780–90, ag cur síos ar an mbochtaineacht, ach ba bhoichte corráit ná a chéile. Mar shampla, i litir amháin ó Ard-easpag Thuama, insítear go n-íoctaí 1/0 1/2 sa mbliain le sagairt i bparóiste an Chillín. Lag go leor! 2/2 a d'fháigheadh sagairt sa gcuid eile den Ard-deoise. I bparóiste Mhaigh Cuilinn, bhíodh 2/8 1/2 ag dul don sagart ar baisteadh, ag an am sin. Ó choróin go dtí £12 a bheadh ar shochraidí, agus leathchoróin is punt ar phósadh, ach is minic nach n-íoctaí thar 5/5.

*Dhá shliocht as leabhar 'An Cheathrú Rua' le Cáit Ní Dhomhnaill*







*An tSean Scoil Náisiúnta nó Coláiste Cholumba faoi láthair*




*Scoil Náisiúnta an Tuairín*



An Clochar ar an gCeathrú Rua



Teach an tSagairt



Tobar na Croise, An Cheathrú Rua 1993



Scoil Chuimsitheach Chiaráin ar an gCeathrú Rua



Ath-oscailt Páirc an Chathánaigh 1986





An Scoil Náisiúnta ar an gCeathrú Rua



Ceiliúradh Iubhaile Órga, An Dr. Heeran, Easpag Leeds

## AN ARTIST IN CONNACHT





THE WELL OF THE CROSS, OR THE POTEEN CALVARY, AT CARRAROE—The Poteen Priest, he was called that because he preached against "the crature," holding Missions throughout the country and pleading with the people to bring in their apparatus and illicit poteen. But it was dangerous to be seen with the stuff and a heavy fine waiting for the man who was caught. So each night the local poteen people carried their hootch to a spot behind the church and every morning found the pile bigger. On the last day of the Mission all the apparatus was moved to a piece of ground in front of the church, then all the poteen poured over it and the whole caboodle set on fire.

Then it was decided to erect a Calvary by the roadside; the wood for the cross was produced from the broken mast of a turf boat and it was a local man who made it. The people of Carraroe put their coppers together and bought the adornment and when the Calvary was erected the local men built the little walls around it. They brought the stone fonts from a neighbouring church ruin and supplied the water for the fonts from a small well near the foot of the cross, the water of which is supposed to be a sure cure for bad eyes.

—IVOR SMITH.

1934

## OBITUARY



### V. REV. ANDREW MORAN,

Very Rev. Andrew Moran, P.P., Carraroe, Co. Galway, who has died, aged 69, was a native of Newport, Co. Mayo. A fluent Irish speaker, the late "Father Andy" was a keen language enthusiast and pastor of one of the few rural parishes where the population has been increasing steadily.

He was educated at St. Jarlath's College, Tuam, and was ordained in Maynooth in 1916. He ministered as curate in Achill, Headford, Cornamona and Ballyvary before being appointed Parish Priest at Carraroe in December 1938. He renovated the parish church some years ago, having personally collected the funds in the United States, and built a new national school at a cost of £60,000, which was opened in September last.

He is survived by two brothers, Mr. Michael Moran, C.E.O., Co. Limerick Vocational Education Committee, and Mr. Patrick Moran, a retired national teacher. He was uncle of Rev. Timothy Moran, C.C., Inishere, Aran Islands.




Colm Canónach Ó Faoláin
*a bhí ina Shagart Paróiste i Leitirmóir agus a fuair bás i 1990*






*Oscailt Tigh Nan Dooley 1977*
*An tAth. M. Ó Lainn, S.P., An tUrramach Stokes, Eamon Hannon, Máire Bn. Mhic Dhonncha, An tArdeaspag John Dooley, An tArdeaspag Seosamh Ó Cuinneáin, Gráinne Bn. Uí Fhátharta, An tAth. Pádraig Standún.*




*An Cairdinéal Tomás Ó Fiaich*



*An tArdeaspag Seosamh Ó Cuinneáin*



*An tAth. Micheál Ó Flannabhra*



Scoil Náisiúnta Mhic Dara 1923

*Líne cúil ó chlé: Mrs Hannon - Múinteoir, May Ní Chadhain - Cuileán, Maggie Ní Fhlatharta - Doire Fhearta, Maggie Ní Dhonnacha - An Fháiche, Maggie Ní Chonamha - An Bóthar Buí, Bríd Seoighe - Cuileán, Máire Ní Chatháin - Doire Fhearta, Áine de Bhailís - Claidhneach, Ellie Nic Fhlannchadha - Sruthán, Cáit Ní Fhlatharta - An Gleann Mór, Bríd Bhreathnach - An Gleann Mór, Caitríona Ní Chinnéide - Doire Fhearta agus Miss Cassidy - Múinteoir. Líne láir ó chlé: Cáit de Bhailís - Doire Fhearta, Máire Ní Lorcáin - An Caorán Beag, Máire Bhreathnach - An Tismeáin, Áine Ní Chatháin - An Bóthar Buí, Nóra Ní Dhonnacha (Cassidy) - Cuileán, Nóra Ní Choistealbha - An Poinnte, Áine de Bhailís - An Poinnte, Nóra Ní Shuilleabháin - An Tismeáin, Lelah Gillan - Cuileán, Áine Treasa Ní Fhlatharta - An Gleann Mór, Delia Ní Fhlatharta - An Gleann Mór, Ellie Ní Loideáin - An Gleann Mór , Bab Ní Loideáin - An Gleann Mór agus Bríd Ní Chatháin - An Caorán Beag. Líne tosaigh ó chlé: Máire Ní Fhlatharta - Cuileán, Cáitín Ní Chadhain - Cuileán, Maggie Seoighe - Cuileán, Áine Ní Dhonnacha - An Tismeáin, Bab Ní Chatháin - An Caorán Beag, Maggie Bhreathnach - An Tismeáin, ????, Máire Griallais - An Rinn, Máire Ní Dhonnacha - An Tismeáin, Máire Ní Dhonnacha (Méine) - An Rinn, agus Maggie Ní Chatháin - An Bothar Buí.*



Coisreacan Séipéal Naomh Pádráig, Kilmaine, Co. Mhuigh Eo.

*Ó chlé: D. M. Greevy - Suirbhéir, Seán Simon Kelly - Ailtire, An tAthair Máirtín Ó Lainn, An Dr. Seosamh Breathnach, John Rhatigan - Conraitheoir, Josie Coyne - Cléireach Oibre agus Leo Caslin - Conraitheoir Leictreach.*



# An tAthair Marcas Ó Conaire 1859-1947

*le Pádhraic Ó Conaire*

Ba de mhuintir Chonaire a raibh siopa tréan acu sa nGairfean i bparáiste Ros Muc é an tAthair Marcas. Ba mhac dearthára leis Pádraic Ó Conaire, an scríbhneoir.

Tar éis dó freastal ar an scoil a bhí i Sálalaoi ag Beairtle Ó Catháin, áit a bhfuair sé sároideachas - Céimseata, Fisic agus Laidin san áireamh, chuaigh sé ina scoláire i gColáiste Iognáid i nGaillimh. As sin chuaigh sé go Má Nuat agus hoirníodh ina shagart i nGaillimh é sa mbliain 1884.

Ina shéiplíneach ina pharáiste dúchais féin a bhí sé ar dtús. Ag an am sin agus suas go dtí 1890 bhí Leitir Mealláin agus an chuid thiar den Cheathrú Rua istigh le Paráiste Chill Bhriocáin.

Chuir sé séipéal Leitir Mealláin á thógáil agus bhailigh sé airgead freisin don scoil náisiúnta agus teach múinteora.

Sa gCeathrú Rua thóg sé teach sagairt (teach an tséiplínigh anois) tar éis dó an suíomh a fháil in aisce de bharr réiteach a dhéanamh ar aighneas a bhí idir na tionóntaithe agus muintir Chiardhubháin, na tiarnaí talún.

Chaith sé tamall ina shéiplíneach i nGaillimh agus ina dhiaidh sin bhí sé ina shagart paráiste i gCill Ainthín, sa Spidéal áit ar thóg sé an séipéal a beannaíodh sa mbliain 1908, i Lios Dúin Bhearna, in Inis Díomáin agus in Uachtar Ard, áit ar cailleadh é agus é ina Ard-Dheóchan ar Dheoise na Gaillimhe sa mbliain 1947.

Seo sliocht as cuntas a scríobh sé féin a léiríonn deacrachtaí a bhain le saol an tsagairt lena linn.

*"A practicable example of the difficulties of my undertaking to give mass at Carraroe and Lettermullen on Sundays and Holidays was furnished by my experience on a Christmas Day. Having arrived back at Carraroe on Christmas Eve after a Station in Rosmuc, I set out for Lettermullen to say First Mass on Christmas Day. After a rough passage by sea and the long walk to Lettermullen, I found to my surprise I had forgotten my watch and tried in vain to get a watch in Lettermullen. I had to depend upon my landlord, Thomas Lee, to call me in good time for early Mass 8.00 o' clock.*

*Early next morning he called and reported to me that the people has assembled in large numbers at the new Church nearby and that probably I was late for the morning was very bright. Without much ado I proceeded to the Church and said Mass. I then started on my walk to Rakins Pass expecting to find there my horse and saddle, but finding them not I resigned myself to the 2 mile walk through Gorumna. The morning was wild and showery.*

*Then I had almost completed my 2 mile journey and a fierce shower has passed, the appearance of the sky led me to think that it was just break of day, a surmise I soon realised was correct. On coming to Tiernee Church I had ample time under the shelter of a rick of turf to think out the problem. What was to be done should my curragh not come to me from Carraroe on such a wild day, and the easiest solution I thought would be if the Tuam priests were unable to cross for Mass at Tír an Fhia he could say Mass for me at Carraroe and depend on me to say the Tír an Fhia Mass. Eventually he came and I crossed. Landing at Carraroe I said my second and third Mass. As I was about to leave for the Priest's house at Kilbrecan for my Christmas dinner the Adm. of Killeen (Tuam) asked me to attend a sick call in his stead at Dangan. On consenting, I arrived at the house to find that there were two Typhus patients (men) both occupying the same room with little or no ventilation. Both appeared comatose as there was no response to my loud efforts to make myself understood.*

*It was dark when I reached the priest's house after a long tramp through the bogs and was told by the housekeeper that he had taken his dinner and gone for a walk after a long wait. I immediately started on a 2 mile walk to my mother's home (Garafin) and partook of the remains of their Christmas dinner, thinking not at all of the danger of carrying the infection to the family."*

1/

Do Sheán Mas. Ó Conaola:

"Beagán beag faoi "Shéipéal Mhic Dara"
An Cheathrú Rua.

"Séipéal Mhic Dara" an t-ainm oifigiúil air ins an gClárlann na Talún (Land Registry), Baile Átha Cliath. Níl sé cláraithe go h-oifigiúil san gClárlann. Sa g-caoi is nach bhfuil mórán eolais le fáil faoi ins an oifig sin. Ach amháin ar an méid talún atá isteach leis féin agus le teach an t-sagairt.

Tá 1.568 acraí ins an bpáirc atá thart ar an séipéal. Freisin tá 3.050 acraí isteach le teach an t-Sagairt. Sin 4.618 acraí ins an bhfeilm ar fad.

Is cuimhneach liom trí shagart ar a raibh aithne mhaith agam le linn m'óige. An té is faide siar acu ná an t-Athair Seán Ó h-Eilí S.P. Ní dóigh liom go bhfaca mé aon fhear ó shin i léith chomh cantalach leis. Ba é a bhí ann nuair a thit an sean chlog mar a bhí mé a rá leat. Bhí an sean chlog faoi thrí, chomh mór leis an gclog atá ann anois. Thart ar 1923-24 a thit sé. Bhí an t-acastóir lofa le meirg. Thit sé agus an fabal ar a mbéal ach isteach ag an aifreann. Ba é an t-iontas nach raibh go leor marbh.

Bhí mise ar dhuine de na gasúir a bhíodh ag freastal an Aifrinn ag



2/

am. Dúirt an tAthair Seán liom Clog an Aifrinn a bhualadh. Chuaigh mé amach le é a bhualadh. Ní raibh mé in ann. Chuaigh mé isteach agus dúirt mé sin leis an sagart.

"Amach leat a phleota, agus buail an clog" a deir sé go feargach (Ón achré a thug sé an focal Pleota. Ní raibh sé againne ag an am.)

Chuaigh mé amach arís leis an gclog a bhualadh. Gasúr nó dhó eile in mo chuideachta. Freisin thug fear óg eile a raibh cleachta aige ar thácláil teidí i mbád (Páidhraic Seóige) cúnamh dúinn. Níl fhios agam, cé an chaoi a raibh fhios againn é, ach thuig muid go raibh an clog ag titim anuas. Níl fhios agam beo cén chaoi ar éirigh le chuile dhuine dhá raibh ag dul isteach ag an Aifreann glanadh as bealach an chloig.

Tá lorg an phoill fós ins an t-sráid ar aghaidh doras an t-séipéil. Chuaigh sé timpeall troigh síos ins an gcoincréit sa t-sráid. Cén seans a bheadh ag cloigeann duine?

An chéad uair eile, a Sheáin a mbeidh tú ar do bhealach isteach

31

ag an Aifreann, Caitheadh do shúil ar lorg an phoill sa gcoincréit. Ansin istigh ins an séipéal abair paidir bheag do Dhia gur shábháil sé go leor againn ón mbás thart ar 66 nó 67 blianta ó shin.

Tomás De Paor

Aguisín:—

Dúirt an fear i gClárlann na Talún "nach mórán de Shéipéil na hÉireann a bhí cláraithe san gClárlann sin". Mar adeireadh sean bhuachaill thíos againne fadó:—
"Nach aisteach é sin"

T. De P.




## FORBAIRT PHOBAIL ...............

* Tionscail. Naíonraí. Clubanna Óige.
* Scéimeanna Forbartha Pobail. Printísigh.
* Scoláireachtaí. Seirbhísí Teanga.
* Féiltí Áitiúla. Feirmeoireacht agus próiseáil éisc.
* Tograí closamhairc agus teilifíse.

**Forbairt cultúrtha, shóisialta agus thionsclaíochta na Gaeltachta - sin é cúram Údarás na Gaeltachta.**
**Bí páirteach in san obair thábhachtach seo.**

**I gcuideachta a chéile is fearr sinn!**

**Údarás na Gaeltachta**
**Na Forbacha**
**Co. na Gaillimhe**

# Teach Uí Thuathail

## Casla

*Lóistín ar fáil • Oifig an Phoist • Siopa Grosaéra • Lotto*

**091-72122**

# BANK OF IRELAND TRAVELLING BANK

At Bank Of Ireland we feel
we are part of the community.
The staff of the Galway Travelling Bank
are delighted to be associated with
your community.

**Bank of Ireland**

# ÓSTÁN AN CHEATHRÚ RUA

**091-95116**

*Tá Seallaithe Saoire le taobh an Óstáin*

Is féidir glaoch orthu le tamall a chaitheamh
sa nGaeltacht am ar bith den bhliain.



| GAELEAGRAS | GAELEAGRAS |
|---|---|
| **Roinn Airgeadais** | **Department of Finance** |
| Teach Lansdúin<br>Baile Átha Cliath 4 | Lansdowne House<br>Dublin 4. |

Tel: 6767571 Fax: 6685506

***Traoslaíonn Gaeleagras na Seirbhíse Poiblí leis an gCeathrú Rua ar ocáid Comóradh an chéid ó tógadh Teach Pobail Mhic Dara.***

Tháinig Gaeleagras go dtí an Cheathrú Rua sa bhliain 1974 agus gach bliain ó shin le Cúrsaí, Seimineair, Cúrsaí Deiridh Seachtaine agus Turais.

Is é aidhm Ghaeleagrais ná an Ghaeilge a chur chun cinn sa tSeirbhís Phoiblí chun go mbeidh seirbhís trí Ghaeilge ar fáil do mhuintir na Gaeltachta go háirithe agus do lucht na Gaeilge i gcoitinne.

Fearann muintir na Ceathrúin Rua fíor-chaoin fáilte romhainn i gcónaí agus tugann siad gach cabhair agus cúnamh do na foghlamóirí san iarracht atá ar siúl acu an Ghaeilge a fhoghlam agus a fheabhsú.

Tá áthas orainn go bhfuil deis againn bheith páirteach libh san ocáid stairiúil seo.

Guímid gach rath agus sonas oraibh sa chéad atá ag teacht agus ina dhiaidh sin.

# Pléaráca Teo.

(An Scéim Ealaíon Pobail)
Gort Mór, Ros Muc, Conamara, Co. na Gaillimhe.
Fón/Facs: (091) 74346

# Réalt na Maidine

**An Cheathrú Rua**
**091-95193**

Buail isteach do bhlogam le n-ól nó greim le n-ithe.

Ceol gach deire seachtaine



# AN CHISTIN

**An Cheathrú Rua,**
**Co. na Gaillimhe.**

*Teach spóirt, ceoil, bia agus deoch*
*Ceol tradisiúnta, togha na beatha agus*
*rogha an Óil*

Comhghairdeachas ó
**Muintir Uí Shé**
**Fón 091-95151**





# Micí Ó Flatharta

Grósaeir, Trádálaí agus Búistéir

Flo Gas

**An Cheathrú Rua,**
**Conamara,**
**Co. na Gaillimhe.**

**Fón: (091) 95110**



Ba mhaith le

# Coláiste Chiaráin

gach ádh agus rath a ghuidhe ar
Choiste Theach Phobail Mhic Dara i
gceiliúradh agus i gcomóradh céad bliain a thógála.

***Tá togha 's scoth na gCúrsaí ar siúl i***
***gcónaí i gColáiste Chiaráin.***

# PÁIRC AN CHÁTHÁNAIGH

## An Cheathrú Rua

Ionad Caitheamh Aimsire don Phobal ar fad.

Breathnú Soir ar an Séipéal

*Thug Coiste na Páirce Síntiús £5000 don clárr-chlós ag Teach Pobail Mhic Dara.*

# Tigh Cholchúin

An Cheathrú Rua
Siopa grósaera

Téipeanna Ceoil den Scoth
An Siopa ar aghaidh an tSéipéil

# Ola Mhac an Rí

**Ollmhargadh & Stáisiún Artola**

**Oscailte Moch & Deireannach**
**Togha na Seirbhíse ar fáil**
**Buail isteach chugainn - beidh fáilte romhat**

**Teil: 091-93210**



# gael-linn

**ag saothrú ar son na Gaeilge agus na hÓige**

- Cúrsaí Gaeilge agus Sainchúrsaí Gairme do dhaoine fásta.
- Cúrsaí Gaeltachta do dhaoine fásta
- Cúrsaí Gaeltachta do mhic léinn agus do dhaltaí scoile
- Cúrsaí Gaeltachta do pháistí bunscoile
- Coláistí Samhraidh Gaeltachta - Corcaigh, Maigh Eo agus Tír Chonaill
- Comórtas Díospóireachta iarbhunscoile le AIB
- Comórtas Díospóireachta 3ú leibhéal le THE IRISH TIMES
- **SLÓGADH** - Príomh Ógfhéile na nEalaíon
- Siamsaíocht agus coirmeacha
- Scoth an cheoil ar chaiséid agus CD
- Tráth na gCeist d'ardranganna bunscoile
- Tráth na gCeist scoile i dTuaisceart Éireann
- **GRADAM GAEL-LINN** - trófaí don mharc is airde san A-leibhéal Gaeilge
- **AN DRÉIMIRE** - iriseán don ardteist / A-leibhéal
- **FREAGAIR** - quizchlár raidió do dhaoine fásta le BBC Raidió Uladh
- **CEIST AGAM ORT** - quizchlár raidió do dhaoine fásta le RTE Raidió 1
- **FIOS** - quizchlár raidió do dhaltaí scoile le BBC Raidió Uladh
- Físeáin - "Mise Éire" agus SLÓGADH 92 agus 93 ar fáil ar video / físeán VHS
- **INISFREE** - earraí lámhchniotáilte den scoth
- **ANOIS** - an nuachtán Gaeilge don deireadh seachtaine.

Gach eolas ó:

gael-linn

26 Cearnóg Mhuirfean, B.Á.C. 2.
Teil: (01) 676 7283. Faics: (01) 676 7030


10 Sráid an Phrionsa, Corcaigh.
Teil: (021) 275431

77 Upr. English Street, Ard Mhacha.
Teil: (080861) 522162

# gael-linn

do choirmcheol féin sa bhaile ar CD agus ar chaiséid













**NUAEISITHE**

- **AISLINGÍ CEOIL**
  Tony McMahon
  Noel Hill
  Iarla Ó Lionáird
  (Ceol agus amhráin ar an sean-nós)
- **CÓISIR**
  Máire Ó Keefe & Ceoltóirí Cape Breton
  (Stór ceoil as Ciarraí, Tír Chonaill agus Cape Breton)

**FONNADÓIRÍ & CEOLTÓIRÍ EILE DEN SCOTH ....**

Seosamh Ó hEanaí
Seosamh Mac an Iomaire
Seosamh Mac Donncha
Seán Mac Donnchadha
Áine Uí Cheallaigh
Máiréad Ní Dhomhnaill
P.J. & Marcus Ó hIarnáin

Leabhar Cuimhneacháin ar an **25ú SLÓGADH**
le foilsiú ag Slógadh Náisiúnta 94
Pragas £5
agus £2 p&p